



# TRAIDISIÚN DE MHACHNAMH NEAMHSPLEÁCH


UCC

Coláiste na hOllscoile Corcaigh
University College Cork, Ireland

## TUARASCÁIL AN UACHTARÁIN, 2018/2019

# Clár

- Réamhrá an Uachtaráin
- COC go hAchomair
- Fís, Misean agus Luachanna
- Cuspóirí Straitéiseacha
  - Cuspóir a hAon: Foghlaim
  - Cuspóir a Dó: Cruthaigh
  - Cuspóir a Trí: Téigh i mBun agus Gníomhaigh
  - Cuspóir a Ceathair: Earcaigh agus Forbair
  - Cuspóir a Cúig: Maoinigh agus Tóg
- Ballraíocht Choiste Rialaithe COC








# Réamhrá an Uachtaráin



Bhí COC ar an gcéad institiúid tríú leibhéal lasmuigh de SAM agus Ceanada a bhuaigh ráta óir *Sustainability Tracking, Assessment & Rating System* (STARS) arna ainmniú ag an gComhlacht um Chur Chun Cinn na hInbhuanaitheachta san Ardoideachs (AASHE) i mbliana. Déanann an gradam seo ceiliúradh ar an obair a rinneadh ar Chlár an Champais Ghlais agus an Fóram Glas in COC chun ár straitéis inbhuanaitheachta a chur i bhfeidhm.

Is féidir lenár gcuid mac léinn feabhas COC agus Teagasc a bhlaiseadh ach an chéim nua dár gcuid san Eolaíocht Talmhaíochta faoi stiúir na Scoile Eolaíochtaí Bitheolaíocha, Domhaneolaíochta agus Comhshaoil agus an Ionaid Taighde um Ainmhithe agus Tailte Féaraigh in Teagasc na Cloiche Léithe.

Agus é 15 bliana déag ar an bhfód, d'fhoilsigh APC a thuairisc nua "*Mining Microbes for Mankind – 15 Years of Impact*". Leagtar síos sa tuairisc tionchar thaighde APC ar an tsochaí agus ar gheilleagar na hÉireann.

D'oscail an Tánaiste agus an tAire Gnóthaí Eachtracha Simon Coveney TD Ionad um Oideachas Feidhmeach de chuid COC ar Ché Lapp i gCorcaigh i mí na Samhna. Díol suntais corraitheach é seo do COC go bhfuil síneadh curtha againn lenár gcampas agus cuid de anois lonnaithe i gceartlár na cathrach, go háirithe agus sinn ag féachaint romhainn agus ag iarraidh sinn féin a chur in oiriúint d'éilimh an mhargaidh.

Seoladh ár *Straitéis Acadúil 2018-22* i mí na Nollag agus leagtar amach ann an treo do spriocanna acadúla COC sna blianta amach romhainn. Léirítear sa Straitéis cur chuige nua agus iomlánaíoch i leith an oideachais a leagann béim ar an gcumas chun machnamh agus fiosrú neamhspleách a dhéanamh, agus na scileanna a thabhairt do mhic léinn a bhfuil gá acu leo sa domhan oibre atá ag athrú go tapaidh agus sa tsochaí agus sa timpeallacht.

Ollscoil nasctha is ea COC agus imríonn spóirt ról tábhachtach i dtaca le pobail mac léinn agus alumni a thabhairt le chéile. Seoladh Straitéis Spóirt COC go luath sa bhliain 2019 agus tógann sé ar ár n-oidhreacht shaibhir sa spórt agus tá sí deartha chun feabhas sa spórt a chur chun cinn sna réimsí seo leanas: taighde, oideachas, dul chun cinn agus áiseanna.

I mí Feabhra, tugadh cuireadh do ACE, thar ceann COC, le bheith mar an óstach ar Mhol Foghlama ar feadh an tSaoil de chuid Chruinniú na hÁise agus na hEorpa (ASEM) go ceann cúig bliana. Deis thábhachtach í seo do thír na hÉireann ról, a mbeidh tionchar aige, a imirt maidir le feabhsú acmhainneachta, go háirithe san Áis Thoir-Theas. Beidh tionchar nach beag aige seo ar chúrsaí oideachais agus taighde.

Bhí COC mar chuid de thoscaireacht náisiúnta, faoi stiúir an Aire Oideachais agus Scileanna, Joe McHugh TD, a chuaigh chun na Síne i mí an Mhárta. Thug siad cuairt ar ocht gcinn d'ollscoileanna agus d'institiúidí ardoideachais i mBéising agus Shanghai agus é mar aidhm acu comhpháirtíochtí oideachais agus taighde a threisiú.

Bhain COC tairbhe as taifeadtaí taighde Myrtle Allen a cheannach i mbliana. Stórálfar taighde sonrach an Dra Allen ar thábhacht an bhia ar ardchaighdeán a fhástar sa bhaile mar aon lena cuid cuimhní cinn i Leabharlann Boole. Bhunaíomar Léacht Chuimhneacháin Bhliantúil Myrtle Allen in ómós don cheannródaí bia seo in Éirinn.

Agus measúnú déanta ar chlár an Bhrait Ghlais de chuid na hollscoile ag an Aonad um Oideachas Comhshaoil in An Taisce agus sa Roinn Cumarsáide, Aeráide agus Comhshaoil, bhíomar ar an aon ollscoil amháin ar domhan ar bronnadh an Ceathrú Brat Glas uirthi.



**An tOllamh Patrick G. O'Shea**
Uachtarán COC

# COC go hAchomair

## RANGÚ 2018/2019

| | |
|---|---|
| **Rangú Domhanda QS** | **310** |
| **Rangú Ollscoileanna na hÉireann de chuid *Sunday Times*** | **2** |
| **Rangú Ollscoileanna an Domhain de chuid *Times Higher Education*** | **301–350** |
| **Rangú Tionchair Dhomhanda de chuid *Times Higher Education*** | **21*** |
| **Rangú *UI Green Metric*** | **9** |
| **Infhostaitheacht Céimithe QS** | **251–300** |
| ***THES Impact*** | **21 (Ar fud an Domhain), 1 (Éire)** |

*Laistigh de 21 ar fud an domhain agus ar an gcéad cheann sa domhan go léir maidir le tomhaltas agus táirgeadh freagrach



## CLÁRÚ

| 2018-19 | | LA | PA | CF | Arlíne | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| FC | FC Testas/Diop | 218 | 40 | 0 | 0 | 258 |
| FC | Fochéim | 13,628 | 64 | 0 | 0 | 13,692 |
| FC | FC Cáilitheoir Máistreachta | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| FC | FC Ócáideach | 0 | 24 | 0 | 0 | 24 |
| **FC** | **Iomlán** | **13,846** | **128** | **0** | **0** | **13,974** |
| IC | IC Ard-Teas/Teas/Diop IC | 258 | 324 | 0 | 0 | 582 |
| IC | IC Máistreacht Taighde | 160 | 45 | 0 | 0 | 205 |
| IC | IC Máistreacht Mhúinte | 1,765 | 589 | 154 | 0 | 2,508 |
| IC | IC Ócáideach | 0 | 226 | 0 | 0 | 226 |
| IC | IC PhD | 890 | 115 | 0 | 0 | 1,005 |
| IC | IC Dochtúireachtaí Praiticiúla | 44 | 14 | 0 | 0 | 58 |
| **IC** | **Iomlán** | **3,117** | **1,313** | **154** | **0** | **4,584** |
| ACE | ACE – Leibhéal 6 agus 7 | 0 | 1,030 | 0 | 0 | 1,030 |
| ACE | ACE – Leibhéal 8 agus 9 | 0 | 635 | 0 | 0 | 635 |
| ACE | ACE – Ócáideach | 0 | 55 | 0 | 0 | 55 |
| ACE | ACE – Gearrchúrsaí | 0 | 1,057 | 0 | 0 | 1,057 |
| **ACE** | **Iomlán** | **0** | **2,777** | **0** | **0** | **2,777** |
| Ar Cuairt | Ar Cuairt | 1,502 | 0 | 0 | 0 | 1,502 |
| IC | IC Ar Cuairt | 10 | 0 | 0 | 0 | 10 |
| **Ar Cuairt** | **Iomlán** | **1,512** | **0** | **0** | **0** | **1512** |
| **IOMLÁN** | | **18,475** | **4,218** | **154** | **0** | **22,847** |

Mic Léinn Idirnáisiúnta (de réir Náisiúntachta) **4,829**

## BRONNTAÍ

| | CACSSS | CBL | CSEFS | CMH | CACE | IMI | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Céim | 1,140 | 721 | 853 | 589 | | | **3,303** |
| Teastais agus Dioplómaí | 3 | 49 | 9 | 126 | | | **187** |
| Teastais agus Dioplómaí ACE | 74 | | 13 | 26 | 463 | | **576** |
| Céimeanna ACE | | | | | 7 | | **7** |
| **Iomlán** | **1,217** | **770** | **875** | **741** | **470** | | **4,073** |
| Dochtúireachtaí | 64 | 20 | 96 | 40 | | | **220** |
| Máistreacht – Taighde agus Mhúinte | 585 | 599 | 293 | 223 | | | **1,700** |
| Teastais, Dioplómaí agus Ard-Dioplómaí | 253 | 18 | 50 | 200 | | | **521** |
| Máistreacht ACE | | | | | 42 | | **42** |
| Dioplómaí agus Ard-Dioplómaí ACE | | | | 38 | 182 | | **220** |
| Máistreacht IMI | | | | | | 97 | **97** |
| Teastais agus Dioplómaí IMI | | | | | | 484 | **484** |
| **Total** | **902** | **637** | **439** | **501** | **224** | **581** | **3,284** |
| **Total** | **2,119** | **1,407** | **1,314** | **1,242** | **694** | **581** | **7,357** |

# Fís, Misean agus Luachanna

Tá gníomhaíochtaí uile COC faoi réir ag ár ráiteas misin. Cuimsíonn agus léiríonn an ráiteas misin céanna croíluachanna na hollscoile.

## ÁR bhFÍS

Le bheith mar ollscoil cheannródaíoch de smaointeoirí neamhspleácha.

## ÁR MISEAN

Ag cruthú agus ag roinnt eolais, ag dul i dtaithí air agus á chur i bhfeidhm ar mhaithe le cách.

## ÁR LUACHANNA

Tá ár bpríomhluachanna mar threoir agus mar bhonn dár ngníomhaíochtaí agus dár bpróisis go léir.

- Cruthaitheacht
- Trédhearcacht
- Saoirse tuairimíochta
- Comhionannas
- Meas
- Freagrúlacht
- Scoláireacht
- Ionracas
- Éagsúlacht







**CUSPÓIR A hAON**
Foghlaim

**CUSPÓIR A DÓ**
Cruthaigh

**CUSPÓIR A TRÍ**
Téigh i mbun agus Gníomhaigh

**CUSPÓIR A CEATHAIR**
Earcaigh agus Forbair

**CUSPÓIR A CÚIG**
Maoinigh agus Tóg

# Cuspóirí Straitéiseacha

**Cuspóir a hAon:**
Straitéis acadúil a chur i bhfeidhm d'fhonn eispéireas foghlama agus teagaisc den chéad scoth dírithe ar an mac léinn a sholáthar agus curacalm freagrúlach agus taighdebhunaithe mar chuid lárnach de.

**Cuspóir a Dó:**
A bheith mar ollscoil cheannródaíoch maidir le taighde, nuálaíocht, fiontraíocht, tráchtálú agus tionchar sochaíoch.


**Cuspóir a Trí:**
Luach a chruthú dár bpobal trí dhearcadh idirnáisiúnta agus caidreamh eolach agus cruthaitheach ar cheisteanna áitiúla agus domhanda.

**Cuspóir a Ceathair:**
Foireann ar ardchaighdeán a mhealladh, a fhorbairt, a choimeád agus tacú leo d'fhonn foireann éagsúil a chinntiú a bhfuil ar a gcumas a lánacmhainneacht a chomhlíonadh.

**Cuspóir a Cúig:**
Cur lenár mbonneagar agus lenár mbonn acmhainní.







## CUSPÓIR A hAON

# Foghlaim


Straitéis acadúil a chur i bhfeidhm d'fhonn eispéireas foghlama agus teagaisc den chéad scoth dírithe ar an mac léinn a sholáthar agus curacalm freagrúlach agus taighdebhunaithe mar chuid lárnach de.

**CUSPÓIR A hAON**

# Foghlaim







## Raon Feidhme an Leas-Uachtaráin agus an Chláraitheora

Tar éis an tOllamh John O'Halloran a chepadh mar Leas-Uachtarán agus Cláraitheoir i bhFeabhra na bliana 2018, rinneadh athchóiriú suntasach ar Raon Feidhme an Leas-Uachtaráin agus an Chláraitheora le bheith faoi réir ag cuspóirí straitéiseacha na hollscoile. Tacaíodh leis seo nuair a ceapadh daoine i bpostanna ceannaireachta ar nós: Déan na Staidéar Iarchéime; Déan na Staidéar Fochéime; Stiúrthóir Earcaíochta agus Iontrála; Stiúrthóir na Seirhbísí Acadúla; Stiúrthóir Eispéireas na Mac Léinn; agus Ceann Rochtana agus Rannpháirtíochta.



### Straitéis Acadúil 2018–2022

Seoladh an chéad Straitéis Acadúil (2018-2022) de chuid COC riamh i mí na Nollag 2018 tar éis bliain forbartha agus leagtar amach inti plean dár n-aidhmeanna acadúla le linn na mblianta amach romhainn. Díríonn sí ar shé phríomhréimse:

1. Curaclam Nasctha a fhorbairt, ag cur le láidreachtái dá bhfuil ann cheana chomh maith leis an gcleachtas is fearr ar bhonn domhanda.
2. A bhfuil ar fáil sa churaclam a bheith faoi réir ag éileamh agus le tosaíochtaí teagaisc agus taighde.
3. Cleachtais éifeachtacha mheasúnaithe a ailíniú le torthaí foghlama ar bhonn tairbheach.
4. Forbairt chroíluachanna na mac léinn agus thréithe an chéimí a éascú.
5. Plean um rollú mac léinn a bhunú atá faoi réir ag spriocanna earcaithe mac léinn.
6. Rialú acadúil a leasú chun go gcumasófar nuálaíocht, go n-athchóireofar comhleanúnachas agus go lahdgófar riosca.

Bainfear amach cur i bhfeidhm na straitéise seo agus scoileanna, coláistí agus daoine aonair uile ag obair i gcomhar chun gach ceann den 35 phríomhghníomhaíocht a ghnóthú. Fuarthas maoiniú seachtrach le haghaidh roinnt príomhthionscadal agus tá 83% de phríomhghníomhaíochtaí na Straitéise Acadúla ar siúl, agus cuid díobh curtha i gcrích cheana féin.

Tá cuid de na tionscadail straitéiseacha faoi stiúir an Leas-Uachtaráin mar thaca le cur i bhfeidhm na Straitéisie Acadúla, lena n-áirítear an tionscadal 'Córais Riaracháin na Mac Léinn' ina ndéanfar uasghrádú agus uasdátú ar chórais bhainistíochta sonraí ár mac léinn. Athróidh an tionscadal 'Athdhearadh Sheirbhísí na Mac Léinn' córas seirbhísí na mac léinn. Beidh foireann lárnach na Mac Léinn lonnaithe sa Mhol agus beidh siad seo mar phointe aonair teagmhála maidir le fiosrúcháin uile na mac léinn a bhaineann le riarachán acadúil. Beidh an foirgneamh nua seo, An Mol, mar áis nua-aimseartha agus inrochtana i lár ár gcampais agus réimse seirbhísí do mhic léinn a chur ar fáil aici faoi aon díon amháin, rud a chuirfidh go mór le heispéireas an mhic léinn in COC.

## CUSPÓIR A hAON

# Foghlaim







Cuimsítear sna tionscadail seo Clár um Ollscoil Nasctha atá mar chlár a chruthóidh athruithe in COC. Imreoidh an Clar um Ollscoil Nasctha tionchar ar fud na hollscoile agus cuirfidh sé misean acadúil nuálach i bhfeidhm a bheidh tiomanta don léann agus don oideachas. De bharr go bhfuil feabhas curtha ar sheirbhísí na mac léinn ar an gcampas agus ar líne, beidh cúrsaí riaracháin níos éifeachtaí do mhic léinn agus don fhoireann i ngach coláiste, rud a shábhálfaidh am agus a chuirfidh le heispéireas na mac léinn. Beidh na sruchtúir agus cuspóirí soiléire de chreat ollscoile nasctha mar thaca leis an bhforbairt in COC agus beidh siad mar theoir dár bhfreagraí do dheiseanna agus dúshláin na todhchaí, ionas go mbeidh ár gcuidne mac léinn agus foirne in ann tabhairt faoi thaighde, foghlaim agus teagasc den chéad scoth.

### Gnóthaí Acadúla agus Rialachas

Rinne foireann de shaineolaithe sinsearacha náisiúnta agus idirnáisiúnta, arna gceapadh ag an gCoiste um Fheabhsú Cáilíochta, athbhreithniú ar chinnteoireacht acadúil agus é mar chuspóir acu a measúnú a dhéanamh ar an gcinnteoireacht acadúil mar aon le cúrsaí gnó acadúil ag leibhéil na hollscoile, an choláiste agus na scoile laistigh de COC. Eisíodh tuairisc ó ghrúpa piarbhreithnithe ina raibh príomhthorthaí agus moltaí i mí Dheireadh Fómhair 2018.

Chuathas i mbun Táirseach Polasaí Acadúil le haghaidh COC agus ceapadh Oifigeach Tacaíochta Polasaí agus a té seo freagrach go príomha as Táirseach Polasaí Acadúil a bhunú agus a choinneáil. Sásaíonn seo an t-éileamh a bhí ann le fada go mbeadh teacht ag mic léinn agus ag an bhfoireann ar pholasaithe acadúla cothrom le dáta in aon láthair amháin.

Bhí COC ar an gcéad ollscoil in Éirinn a raibh polasaí agus gnáthamh foirmiúil aige maidir le cáiliúcháin acadúla a chur ar ceal. Baineadh é seo amach mar gur leasaíodh an Phríomh-Statúid chun go mbeadh nós imeachta foirmiúil ann le hiarratas a phróiseáil maidr le cáiliúchán a bhí bronnta laistigh den ollscoil a chur ar ceal agus é sin a chur ar aghaidh tríd an gCoiste Rialaithe go dtí Seanad Ollscoil na hÉireann.

Anuas ar bheith ag plé le cúrsaí acadúla na hOllscoile, chuir Gnóthaí Acadúla agus Rialachas tús leis an gcoincheap chun cuireadh a thabhairt do chainteoir ón taobh amuigh comhthéacs níos leithne a chur ar fáil agus díospóireacht a chruthú. Ar na cainteoirí idir 2018–2019 bhí: Lord David Puttnam, oideachasóir agus déantóir scannán na Breataine; An Dr Attracta Halpin, OÉ; An tOllamh Alan Barrett, ESRI; Jim Miley, IUA; An tOllamh Jane Ohlmeyer, an Chomhairle um Thaighde in Éirinn; An tOllamh Michael Murphy, EUA; Claire McGee, IBEC.

### Earcaíocht agus Iontráil

Go déanach sa bhliain 2018 mar chuid d'athstruchtúrú straitéiseach i Réimse Feidhme an Leas-Uachtaráin agus an Chláraitheora is ea a bunaíodh Earcaíocht agus Iontráil ina bhfuil an Oifig Iontrála, Oifig na Staidéar Iarchéime, an Oifig Idirnáisiúnta agus Scoláireachtaí agus Duaiseanna. Tá an stiúrthóireacht nua freagrach as príomhfheidhmeanna maidir le hearcaíocht mac léinn fo- agus iarchéime, iontráil agus coinneáil lena n-áirítear scoláireachtaí agus duaiseanna.

### Buaicphointí Iontráil CAO 2018

Tá méadú de 2.5% tagtha ar éileamh an CAO ar chláir in COC ón mbliain 2014. Le linn an ama sin (2014–2018), tháinig méadú de 3.7% ar líon na mac léinn ón AE sa chéad bhliain in COC. In ainneoin go bhfuil laghdú de 1.2% tagtha ar líon na n-iarratas CAO le linn na tréimse sin, choimeád COC 15% de sciar na gcéadroghanna ollscoile sa bhliain 2018. Tháinig 861 mac léinn isteach trí na bealaí Rochtana sa bhlian 2018/19, rud a sheasann do 23.6% d'iontógáil iomlán an CAO.

Meallann COC mic léinn ardaidhmeannacha i gcónaí.

- Ar bhonn náisiúnta, fuair 689 mac léinn 600+ pointe sa bhliain 2018; tá 96 (13.9%) díobh seo cláraithe mar mhic léinn COC agus iad ag gabháil do raon clár sna coláistí uile.
- As an 153 iarratasóir ar bhonn náisiúnta a fuair an t-uasmhéid de 625 pointe, tá 11.7% díobh cláraithe le haghaidh clár in COC.
- Bronnadh 11 Scoláireacht Quercus na Mac Léinn Cumasach do mhic léinn nua.
- Ar na mic léinn nua sa chéad bhliain tá an buaiteoir catagóire de chuid Eolaithe Óga BT.

## CUSPÓIR A hAON


# Foghlaim





### Mic Léinn Idirnáisiúnta

- Le linn 2018/19, mhéadaigh líon na mac léinn fochéime, lena n-áirítear mic léinn ACE agus Mic Léinn Ar Cuairt go dtí 16,552.
- I rith an ama seo, mhéadaigh COC a chuid ionadaíochta i measc na mac léinn idirnáisiúnta ag an leibhéal fochéime le 141 mac léinn (9%) vis-à-vis an bhliain roimhe sin (ó 1,553 in 2017/18 go dtí 1,694 in 2018/19).




**Treocht rollú na mac léinn fochéime 2015/16–2018/19**

### Earcaíocht Mac Léinn Fochéime

Ar na gníomhaíochtaí earcaíochta sa bhliain 2018–19 bhí trí lá oscailte, a mheall thart ar 14,000 cuairteoir chun an champais. Reáchtáladh imeachtaí earcaíochta ar an gcampas agus ar fud na tíre mar a raibh comhdhálacha do mhúinteoirí treoirghairme, seisiúin eolais do thuismitheoirí, taispeántais ardoideachais, aontaí gairmeacha beatha, cuairteanna scoile, seisiúin bheo ceisteanna agus freagraí agus feachtais mhargaíochta dhigiteacha éagsúla ag tráthanna tábhachtacha le linn na bliana. Scaipeadh an réamheolaire fochéime go forleathan agus seoladh níos mó ná 20,000 cóip chrua go dtí tithe agus scoileanna ar bhonn áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Seasann an figiúr reatha ag 15,000 agus is laghdú de 25% é sin ar an méid cóipeanna crua a rinneadh faoi réir ag tionscnamh champas glas COC agus ag Cuspóirí Forbartha Inbhuanaithe de chuid na Náisiún Aontaithe.

### Mic Léinn na Chéad Bhliana

Tá ról lárnach ag an tacaíocht a thugtar do mhic léinn na chéad bhliana in Oifig na hIontrála. Mheall clár ionduchtaithe na bliana 2018 98% de na mic léinn nua. Anuas air sin, tháinig níos mó ná 2,000 cuairteoir go dtí Féile na bhFreisear i Meán Fómhair na bliana 2018. Tá fás ag teacht ar an mBeartas um Athrú Cúrsa ar cuireadh tús leis mar thionscnamh coinneála agus tháinig sé i gcabhair ar níos mó ná 120 mac léinn sa bhliain 2018.

D'oibrigh an Oifig Iontrála go dlúth leis an Ionad Scileanna, Oifig Scrúduithe agus Thaifid na Mac Léinn agus na coláistí le cinntiú gur tacaíocdh leis na mic léinn go léir ar theip orthu sna scrúduithe ag deireadh Sheimeastar 1 agus 2 . Ina theannta sin, d'éascaigh Comheagraí na Chéad Bhliana thart ar 480 cruinniú aonair. Tá COC mar cheannaire san ardoideachas in Éirinn i gcónaí agus lean 93% de mhic léinn na chéad bhliana ar aghaidh go dtí an dara bliain in 2018/19, ráta an-dearfach i gcomparáid leis an ráta meánach coinneála náisiúnta a tuairiscíodh le déanaí a sheasann ag 86% d'iontrálaithe nua sna hollscoileanna (ÚAO 2016).[1]

Mar chuid de Straitéis Acadúil 2018–2022, scrúdaigh an ollscoil a critéir rollaithe agus earcaíochta ag leibhéal na fo- agus na hiarchéime dá cláir uile. Faoi réir ag Tosaíochtaí 2 agus 5 dá Straitéis Acadúil (2018–2022), tá foireann de chuid COC ag gabháil do bhreithniú ar raon clár agus modúl a thugtar do mhic léinn ionchasacha agus tá an fhoireann chéanna ag cinntiú go bhfuil na cláir a chuireann COC ar fáil faoi réir ag riachtanais réigiúnacha agus náisiúnta.

---

[1] *'The report shows that 86% of the 2014/15 first-year undergraduate new entrants to publicly funded higher education institutions progress to second year.'* Miriam Liston, Victor Pigott, Denise Frawley agus Dawn Carroll, *'A Study of Progression in Irish Higher Education 2014/15 to 2015/16'*, tuairisc ón Údarás um Ard-Oideachas, Bealtaine 2018.

**CUSPÓIR A hAON**

# Foghlaim








## Clár Quercus na Mac Léinn Cumasach

Tá an clár scoláireachta seo cúig bliana ar an bhfód anois agus fuair sé 163 iarratas ina chéithre shraith don bhliain acadúil 2018/19. Ar an mbuíon seoo tá buaiteoir boinn airgid sna Cluichí Oilimpeacha agus seaimpín rámhaíochta domhanda trí bhabhta Paul O'Donovan a thosaigh mar mhac léinn leighis i gclár ionrálaithe do chéimithe i mí Mheán Fómhair. Thosaigh Alan Hayes Scoláire Saoránaigh Ghníomhaigh Quercus a théarma mar Uachtarán ar Aontas na Mac Léinn in Iúil na bliana 2018 agus ar 9 Meán Fómhair bhí triúr mac léinn spóirt ar an bhfoireann chamógaíochta arís do Chorcaigh a bhuaigh Craobh na hÉireann.




## Clár Thréithe an Chéimí

Sheol COC clár ar leith agus corraitheach dar teideal Clár Thréithe an Chéimí sa bhliain 2019, agus cuirfidh an clár seo cumais acadúla, shainiúla agus theicniúla na mac léinn chun cinn mar aon le scileanna inaistrithe a chothú iontu ar féidir a chur i bhfeidhm i gcomhthéacsanna saoil éagsúla. Díreofar go sonrachar chroíluachanna a fhorbairt agus ar thréithe a chémí a bheith leabaithe sa churaclam acadúil agus cothaithe ag gníomhaíochtaí curaclaim agus seach-churaclaim. Cuirfidh an tionscnamh seo cur chuige iomlánaíoch oideachais ar fáil a dhéanfaidh carachtar agus gairmiúlacht a fhorbairt mar aon le cumas chun machnamh criticiúil cruthaitheach a dhéanamh agus cothóidh sé cumas na mac léinn chun bheith coinsiasach ar bhonn sóisialta agus chun bheith gníomhach ina bpobail féin.

Tar éis dul i gcomhairle le geallsealbhóirí le fada, tabharfar tús áite do na croíluachanna seo leanas agus Straitéis Acadúil 2108–2022 i réim:

- Eolas a chruthú, a mheas agus a chur in iúl
- Smaointeoirí neamhspleácha agus cruthaitheacha
- Líofa go digiteach
- Freagrach go sóisialta
- Saoránaigh dhomhanda éifeachtacha a aithníonn éagothroime agus a théann i ngleic léi
- Meas
- Uaillmhian
- Báúlacht
- Seasmhacht
- Ionracas

Fuarthas maoiniú seachtrach d'fhonn tacú le Clár Thréithe an Chéimí dár gcuid ó Chlár Nuálaíochta agus Claochlaithe an ÚAO 2018 agus ó Iontaobhas *Tomar*. Tá an maoiniú seo mar bhonn do Clár píolótach Thréithe an Chéimí, atá dírithe go príomha ar Mhic Léinn fochéime sna hEalaíona. Tá réimse tionscnamh á chur ar fáil laistigh den chlár agus iad dírithe ar chéimeanna éagsúla na mac léinn agus iad ag teacht isteach chun na hollscoile, fad is atá siad ann agus nuair a fhágfaidh siad. Cuspóir uileghabhálach ar gcláir ná turas rathúil a sholáthar do mhic léinn i dtreo is go mbeidh siad réidh don am amach rompu.

CUSPÓIR A hAON

# Foghlaim







## Eispéireas na Mac Léinn

Bronnadh gradam ar COC mar an Institiúid Tríú Leibhéal is Fearr ag Gradaim an Oideachais sa bhliain 2019. Aithníonn na gradaim seo feabhas san earnáil oideachais tríú leibhéal ar oileán na hÉireann in institiúidí arna maoiniú ón stát agus ar bhonn príobháideach agus déanann siad an feabhas seo a spreagadh agus a cheiliúradh. Léiríonn catagóirí na ngradam na príomhréimsí a théann i bhfeidhm ar dhul chun cinn na mac léinn agus tapaíonn siad deiseanna d'institiúidí oideachais a gcuid gaiscí a aithint sna gnéithe éagsúla tábhtachacha dá gcuid oibre.

## Ag Tacú leis an Aistriú chun na hOibre agus leis an Staidéar Breise

In Earrach na bliana 2019, rinneadh suirbhé i measc an 4,829 céimí ón mbliain 2018 i bhfoirm ceistneoirí, ríomhphost agus glaonna gutháin. Gnóthaíodh ráta freagartha de 75%. Ar an iomlán, bhí 90% díobh ag obair nó ag gabháil do staidéar breise agus bhí 2%, figiúr an-íseal go deo, de chéimithe ar thóir oibre agus ní raibh 8% ar fáil le haghaidh oibre. Ar na príomhphointí bhí an méid seo:

- Thuairiscigh 56.1% de na céimeanna a d'fhreagair go raibh siad ag obair.
- Lean 33.9% díobh le staidéar breise, an chuid ba mó díobh seo ina gcéimithe ar Leibhéal 8 agus iad ag iarraidh céim Leibhéal 9 a bhaint amach.
- Bhí 2% díobh ag lorg oibre go gníomhach agus ní raibh an 8% eile ar fáil don obair ar chúiseanna bhain go príomha le taisteal, obair dheonach, agus deiseanna forbartha garimiúla á lorg acu thar lear.

## Seirbhísí Cónaithe na Mac Léinn agus Oifig Caidrimh Phobail (SRSCRO)

Tá an SRSCRO freagrach as Seirbhísí Iostais na Mac Léinn, Campas ar Aire agus Caidreamh Pobail.

## Seirbhísí Cónaithe na Mac Léinn

Reáchtálann an SRSCRO Seirbhís Socruchán Iostais Idirnáisúnta mar thaca le mic léinn teacht ar lóistín slán sábháilte roimh theacht dóibh go dtí COC.

- Rinne 1,063 mac léinn idirnáisúnta fo- agus iarchéime iarratas ar chabhair ón tseirbhís, méadú de níos mó ná 150% ón mbliain roimhe sin.
- Chuir an tseirbhís lóistín ar fáil do 703 mac léinn, méadú de 219%.
- Is cóir a thabhairt faoi deara gur chinntigh an SRSCRO gur cuireadh lóistín sábháilte ar fáil do gach mac léinn idirnáisúnta nó gur aimsíodh amhlaidh dóibh.

Reáchtálann an SRSCRO Seirbhís Socrúchán na Chéad Bhliana chomh maith do mhic léinn CAO a fuair tairiscint chun staidéar a dhéanamh in COC ach nach raibh lóistín faighte acu.

- Chuir 569 mac léinn na chéad bhliana in iúl nach raibh lóistín acu le linn na chéad trí lá tar éis eisiúint thairiscintí an CAO.
- Rinne an SRSCRO cumarsáid le gach mac léinn d'fhonn deimhin a dhéanamh de go raibh tairiscint acu go léir nó gur aimsigh siad lóistín oiriúnach.

## Campas ar Aire

Pléann Campas ar Aire leis na gearáin oifigúla a dhéantar mar gheall ar mhic léinn chláraithe in COC agus seans ann gur sáraíodh rialacha mhic léinn COC.

- Rinne áitritheoirí áitiúla, Gardaí, an fhoireann agus na mic léinn 97 ngearán mar gheall ar mhic léinn COC le linn na bliana acadúla 2018/19. Laghdú de 35% ar an méid gearán é seo i gcomparáid le 2017/18.
- Mar thoradh ar chomhoibriú leanúnach idir COC, Aontas na Mac Léinn, áitritheoirí áitiúla, na Gardaí agus príomh-ghealls ealbhóirí eile.
  - Tháinigh laghdú de 60% ar na gearáin idir Seachtain na bhFreisear 2017 agus an tseachtain chéanna sa bhliain 2018.
  - Bhí laghdú de 33% ar na gearáin mar gheall ar Sheachtain na nGiobal 2018 agus an tseachtain chéanna sa bhliain 2019.

**CUSPÓIR A hAON**

# Foghlaim









- Bailíodh €4,450 do Chiste Carthanachta na Mac Léinn (Bronntóirí) le linn na bliana acadúla 2018/19 ó shíntiúis charthanachta agus fíneálacha Champas ar Aire.

Feidhmíonn an SRCSRO mar nasc idir an ceantar áitiúil agus an ollscoil. Pléann an oifig leis na geallsealbhóirí uile agus na nithe seo leanas á dhéanamh aici:

- Cruinnithe Chumann na nÁitritheoirí
- Fóram Sábháilteachta Lár-Theas
- Cruinnithe bainistíochta ceantair Shráid Anglesea

Sa bhliain 2018, thug SRSCRO 1,500 leabhar cíosa do na tithe go léir sa cheantar máguaird, a leag an bhéim ar 'Mheas agus Freagracht', dualgais na mac léinn ina lóistín ar cíos agus lasmuigh de agus a gcearta tionóntachta.

## Gníomhaíocht Aontas na Mac Léinn

Sa bhliain 2018–19 fuarthas maoiniú ón bhFóram um Muirir agus Táillí na Mac Léinn ar caitheadh ar sheirbhísí meabhairshláinte in COC. Sa bhliain acadúil chéanna rinneadh polasaí um meabharshláinte na mac léinn a fhorbairt agus a dhréachtadh, eadhon nasc idir *Niteline* COC agus Comhairleoireacht agus Forbairt Mhic Léinn COC mar thacaíocht bhreise le mic léinn a bhaineann leas as an tseirbhís *Niteline*. Thacaigh Aontas na Mac Léinn leis an Oifig Alumni agus Forbartha lena bhfeachtas tiomsaithe airgid meabhairshláinte dar teideal '*Don't Hide It, Mind It*'. Chuir Aontas na Mac Léinn tús le 'Club Bricfeásta' chomh maith ar bhonn seachtainiúil i gcomhar le Seirbhísí Tacaíochta Míchumais.

## Inbhuanaitheacht

Rinne Aontas na Mac Léinn níos mó ná 4,000 cupán caife in-athúsáidte do mhic léinn na chéad bhliana go léir a bhuí le maoiniú ó Fhóram um Muirir agus Táillí na Mac Léinn mar aon leis an mBord um Bainistiú Dramhaíola. Thug an dá eagraíocht €10,000 araon. Tá tábhacht nach beag ag ceist na hinbhuanaitheachta don ollscoil agus d'Aontas na Mac Léinn agus cúis mhórtais dúinn tacú le tionscadal an Champais Ghlais.

## Spórt agus Gníomhaíocht Fhisiciúil

Sheol COC a straitéis uaillmhianach spóirt i mí Feabhra na bliana 2019. Sheol laoch rámhaíochta na gCluichí Oilimpeacha, Paul O'Donovan agus Mary Fizgerald, lúthchleasaí a bhuaigh trí bhonn óir le déanaí ag Cluichí Domhanda IWAS 2019 an straitéis ceithre bliana seo. Cruthaíodh an straitéis seo tar éis sé mhí a chaitheamh ag plé leis an 55 chlub spóirt in COC mar aon le pobal spóirt COC agus Chorcaí.

Tá sé i gceist ag COC Páirc Spóirt COC a fhorbairt sa Churraichín in áit na n-áiseanna atá aige faoi láthair ag an bhFeirm i gCorcaigh. Seolfar club spóirt nua dar teideal '*Sport for Life Club – Many Tribes, One Team*' chun imreoirí, daoine deonacha, urraitheoirí, lucht tacaíochta agus alumní a thabhairt le chéile.

Ar na pleananna eile, seolfar #ActiveUCC clár rannpháirtíochta spórt chomh maith le Lá Halla Laochra Spóirt COC a bheith mar imeacht bliantúil. Ina theannta sin, forbrófar líne nua d'éadaí spóirt leis an mbranda de *UCC Sport Skull and Crossbones*.



**CUSPÓIR A hAON**

# Foghlaim







Bhí cúig chlub spóirt is caoga gníomhach in COC le linn 2018/19 agus iad ag soláthar spóirt agus gníomhaíocht fhisiciúil ag gach leibhéal do mhic léinn. Bhí níos mó ná 4,500 ball sna clubanna agus bhí 13,000 mac léinn mar bhaill de Láthair Spóirt na Díge le linn na bliana acadúla. Baineadh gaiscí éagsúla amach sa spórt:

- D'éirigh le COC éacht dúbailte ar leith a bhaint amach nuair a bhuaigh sé Corn Mhic Giobúin agus Corn Sigerson san iomáint agus sa chaid.
- Bhuaigh Club Sacair COC Corn Collingwood (fir) agus Corn Uí Cheallaigh (mná). Bhuaigh foireann an bhfear in COC Sraith Shinsearach na Mumhan, Corn Uí Chonaill agus buadh orthu i gcluiche craoibhe Chorn Beamish. Shínigh Sean McLoughlin, iar-imreoir Chlub Sacair COC a ghnóthaigh Scoláireacht Roy Keane conradh gairmiúil le Club Sacair Hull City i ndiaidh dó imirt go seoigh le Club Sacair Chathair Chorcaí.
- Shroich foireann chamógaíochta COC cluiche craoibhe Chorn Ashbourne sa bhliain 2019.
- Cluichí Domhanda IWAS: Mary Fitzgerald (Scoláire Quercus): An chéad áit – Caitheamh na Teisce, catagóir F40 na mban; an chéad áit – Caitheamh meáchain, curiarracht nua in Éirinn de 6.26m; agus an chéad áit – Caitheamh na Sleá, catagóir F40 na mban.
- Bhí ionadaíocht nach beag ag COC ar fhoireann Fhriosbaí Deiridh Mhná Sinsearacha na hÉireann a bhuaigh craobh na hEorpa den chéad uair. Ar an bhfoireann seo a raibh bua stairiúil acu, bhí Emma Healy, Bríonagh Healy agus Sinéad Dunne mic léinn reatha COC, céimithe de chuid COC Michelle Leahy (cóitseálaí), Cliona Doyle, Sinéad O'Shiel Fleming agus Kelly Hyland.

## Rochtain agus Rannpháirtíocht

Príomthosaíocht straitéiseach do COC is ea deimhin a dhéanamh de go léiríonn buíon na mac léinn an éagsúlacht agus an meascán sóisialta atá i ndaonra na hÉireann. Bunaíodh struchtúr nua le haghaidh Rochtana agus Rannpháirtíochta i mí Eanáir 2019. Cheap COC Ceann Rochtana agus Rannpháirtíochta chun seirbhísí Rochtana na hOllscoile a stiúradh mar aon leis an tSeirbhís Tacaíochta Míchumais, Oifig na Mac Léinn Lánfhásta agus Clár *UCC Plus+*. Pléann an obair seo le saol iomlán na mac léinn ag tosú le hobair for-rochtana sna bunscoileanna agus ag tacú leis na mic léinn go dtí go mbaineann siad obair amach.

Sa bhliain 2018–19, phléigh breis is 7,000 mac léinn ionchasach, múinteoir agus tuismitheoir leis na seirbhísí Rochtana. Tháinig 23.6% de mhic léinn fochéime na chéad bhliana go dtí Coláiste na hOllscoile Corcaigh ar chosáin Rochtana. Thacaigh seirbhísí Rochtana agus Rannpháirtíochta in COC le 3,323 mac léinn ar an iomlán.

## Gaiscí Móra sa bhliain 2018/19

### • Fóram Infhostaitheachta Sheirbhís Tacaíochta Míchumais (DSS)

Bunaíodh Fóram Infhostaitheachta DSS i gcomhar le comhlachtaí comhpháirtíochta i mí an Mhárta 2019. Tacaíonn an foram le fostóirí éagsúlacht níos fearr a fhorbairt san áit oibre. Forbraíodh eolas agus tuiscint san fhóram a thapaíonn deiseanna chun comhairle agus eolas a roinnt mar gheall ar fhostaíocht do bhaill foirne a bhfuil míchumais acu. Pléitear leis an dea-chleachtas maidir le mic léinn agus céimithe a bhfuil míchumais acu a earcú, a roghnú, a oiliúint agus a fhorbairt. Ar na heagraíochtaí atá mar bhaill den Fhóram tá Aldi, Amazon, Apple, Boston Scientific, Care Choice, Dell EMC, Eli Lilly, Hovione, HubSpot, Janssen, DePuy, Kingsley Hotel Group, Stryker, COC VMware, Crann Centre.

### • Clár Meantóireachta DSS

Ghlac 54 mac léinn páirt i gClár Meantóireachta DSS. Bhí daoine gairmiúla ó chomhlachtaí ar nós Apple, Janssen, Boston Scientific, Dell EMC, Morgan McKinley agus Striker mar mheantóirí do mhic léinn. Fuarthas aiseolas an-dearfach ó na meantóirí agus uathu siúd a bhí faoina gcúram agus táthar ag súil go dtiocfaidh fás ar an gclár sa bhlian 2019/20.

### • Clár Intéirneachta DSS

Chuaigh 16 mac léinn i mbun intéirneachtaí samhraidh díolta leis na fostóirí seo leanas: Apple, Janssen, HedgeServ, DePuy, agus Eli Lilly. Bhí géariomaíocht sa phróiseas iarratais agus fuarthas níos mó ná 200 iarratas. Do chuid de na mic léinn seo bhí an intéirneacht mar an gcéad taithí dá raibh acu ar thimpeallacht ghairmiúil oibre.

**CUSPÓIR A hAON**

# Foghlaim








## Tacaíocht Airgeadais na Mac Léinn

• Cuireadh níos mó nó €1.15m ar fáil do mic léinn i dtacaíocht dhíreach airgeadais sa bhliain acadúil de 2018/19.
• Ar na forbairtí a tháinig ar an bhfód sa tacaíocht airgeadais le déanaí tá soláthar Dhámhachtainí Sparántachta 1916 dar luach €5,000 in aghaidh na bliana do mhic léinn ó chodanna den tsochaí nach bhfuil ionadaíocht mhaith acu san ardoideachas agus scoláireachtaí tearmainn do theifigh agus d'iarrthóirí tearmainn nach bhfuil i dteideal tacaíochtaí a fháil ón stát.

## Comhoibriú Réigiúnach

Bhí COC i gceannas ar an gCnuasach Theas maidir le hiarratas rathúil moaoinithe faoi Chlár an ÚAO um Rochtain ar an Ardoideachas (PATH). Bunaíodh Tionscadal SOAR chun comhoibriú idirinstitiúideach an Chnuasaigh Theas ar chúrsaí Rochtana a thabhairt chun críche. Ag comhoibriú ar an tionscadal tá Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí, Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach, Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí, Coláiste na hOllscoile Corcaigh agus Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge mar aon le comhpháirtithe pobail chun plé a dhéanamh ar straitéisí réigiúnacha a dhearadh agus a chur ar fáil chun rochtain ar ardoideachas ó na grúpaí thuasluaite a mhéadú.

Bunaíodh cúig shruth oibre chun an cur chuige cnuasaigh seo a chur i bhfeidhm agus rannpháirtíocht a mhéadú dá bharr:

• An Lucht Taistil san Oideachas
• Aistrithe a Chumasú
• Pobail agus Curaclaim a Nascadh
• Sparántachtaí 1916
• Comhpháirtíocht Rochtana

## Ionad na Gaeilge Labhartha

Faoi réir ag Cuspóirí Straitéiseacha 2017–2022 na hollscoile, tá Ionad na Gaeilge Labhartha ag fás agus ag forbairt i gcónaí. Faoi réir ag Cuspóir a hAon, forbraíodh cúrsaí nua agus cuireadh ar fáil iad do mhic léinn Éireannacha agus leighis sna disciplíní seo: Leigheas, Sláinte Phoiblí agus Eolaíocht Ríomhaireachta; rud a fhágann go bhfuil an Ghaeilge á múineadh laistigh de mhodúil chreidiúnaithe sna céithre choláiste in COC. Cuireadh leis na cúrsaí creidiúnaithe do mhic léinn idirnáisiúnta ar an bpríomhchampas agus ar champas na Gaeltachta, Dún Chíomháin. Cuirtear go mór le heispéireas foghlma na mac léinn agus deiseanna curtha ar fáil dóibh plé leis an teanga bheo i gCorca Dhuibhne. Sampla suntasach is ea obair ár gcomhghleacaithe i nDún Chíomháin maidir leis An Seimeastar Gaeltachta a bhfuil rath nach beag air. Bhí mic léinn Ghaeilge agus Staire an dara bliain in ann an chéad seimeastar a chaitheamh ag maireachtaint agus ag foghlaim i gCorca Dhuibhne. Tá an cleachtas idirnáisiúnta is fearr san fhoghlaim agus sa teagasc mar thaca leis an obair seo go léir.

Pléann baill Ionad na Gaeilge Labhartha leis an bpobal go forleathan ar bhonn áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Bíonn baint againn le grúpaí pobail ar nós Ghael-Taca, le boird bhainistíochta agus le soláthar raon leathan cúrsaí do bhaill an phobail, rud a fhágann go dtéann ár gcuid oibre chun sochair agus chun tairbhe na teanga. Chuir baill foirne cúrsaí ar fáil tríd an gclár Erasmus agus phléigh siad le baill foirne agus leis an bpobal sa Ghailís, sa Réigiún Cantabrach agus sa Ghearmáin. D'fhreastail an fhoireann ar chomhdhálacha idirnáisiúnta agus iad mar scrúdaitheoirí seachtracha i ndlínsí eile ó Dhoire go dti an Afraic Theas.

**CUSPÓIR A hAON**

Foghlaim








# Foghlaim agus Teagasc COC

### Uachtarán Nua na Foghlama agus an Teagaisc

Le linn na bliana 2018–19, tharla roinnt athruithe eagraíochta in Oifig an Leas-Uachtaráin Teagaisc agus Foghlama (OVPLT). I mí na Nollag 2018, d'éirigh an Dr Marian McCarthy, Leas-Uachtarán Eatramhach Teagaisc agus Foghlama as a post in COC tar éis breis is 40 bliain de sheirbhís dhúthrachtach. Gach a ndearna Marian thar ceann COC ní féidir a áireamh. Fágann sí a rian san Ionad um Chomhtháthú Taighde, Teagaisc agus Foghlama (CIRTL) a raibh baint lárnach aici lena bhunú agus a fhorbairt mar ionad a bhfuil teist idirnáisiúnta air.

Thosaigh an tOllamh Paul McSweeney, iar-Cheann Scoile, Eolaíocht an Bhia agus na hEolaíochtaí Cothaithe, ina ról nua mar Leas-Uachtarán Foghlama agus Teagaisc ar 1 Nollaig 2018.

### Feabhas san Fhoglaim agus sa Teagasc

Bhí COC ar an aon ollscoil Éireannach a bhain áit amach sa chéad 50 ollscoil Eorpach is fearr dar leis an gcéad Rangú ó *Times Higher Education Europe* sa bhliain 2018.

Tá fás rialta ag teacht ar líon na rannpháirithe ar chúrsaí Foghlama agus Teagaisc de chuid COC ó seoladh iad agus tá feabhas tagtha air seo arís le blianta beaga anuas agus an ollscoil ag plé le soláthar ar líne. Díol suntais go náisiúnta é go bhfuil níos mó ná 70% de bhaill foirne in COC tar éis tabhairt faoin bhforbairt ghairmiúil Teagaisc agus Foghlama san Ardoideachas. Figiúr é seo atá níos airde ná na spriocanna náisiúnta agus é mar thagarmharc do na hollscoileanna eile ar fud na hÉireann.

Sa bhliain 2018, chuaigh 77 ball foirne Ardoideachas i mbun an Teastais ar líne dar teideal Teastas Iarchéime i dTeagasc agus Foghlaim in CIRTL. Lean 29 díobh ar aghaidh go dtí an Dioplóma Iarchéime i dTeagasc agus Foghlaim agus chuaigh 15 díobh ar aghaidh go dtí an Mháistreacht i dTeagasc agus Foghlaim. Tá na cláir Teastais agus Dioplóma i dTeagasc agus Foghlaim san Ardoideachas go hiomlán ar líne agus níl aon chláir eile cosúil leo in earnáil an NUI. Tá an Teastas seo ar an gclár iarchéime ar an gclár iarchéime is mó dá bhfuil ag COC ó thaobh líon na mac léinn.

Reáchtáiltear Gradaim an Uachtaráin um Fheabhas Teagaisc in COC gach bliain a aithníonn agus a cheiliúrann teagasc den scoth. Bhí COC ar an gcéad ollscoil in Éirinn a chuir tús le scéim aitheantais Ghradaim Teagaisc. Seoladh é sa bhliain 2002 agus tá sé seacht mbliana déag ar an bhfód anois agus ón mbliain 2017, osclaíodh na hainmniúcháin maidir le gradaim agus bronntaí do mhic léinn agus alumni agus an dá phobal ag plé leis an bpróiseas ainmniúcháin.

Go luath sa bhliain 2018, bhunaigh OVPLT scéim dámhachtainí nua dar teideal Ciste Feabhsaithe Teagaisc agus Foghlama agus cuirtear ar fáil ann deontais de níos lú ná €2,000. An aidhm atá ag an gciste seo ná athrú claochlaithe a spreagadh agus a chur chun cinn sa teagasc agus san fhoghlaim in COC ach tacú leisn an bhfoireann a gcuid teagaisc a fhorbairt ar shlite nuálaíocha. Bhí freagra an-dearfach ar an nglaoch seo. Bronnadh €30,000 mar dheontais bheaga suas go dtí €2,000 in aghaidh an tionscadail mhaoinithe. Iad siúd ar bronnadh deontas orthu roinn siad a gcuid eolais ag sraith seimineár sa bhliain 2018/19.

### Clár Scoláirí ar Cuairt

Bhí cáil ar Clár Scoláirí ar Cuairt agus Sraith Seimineár de chuid CIRTL i gcónaí agus d'fhreastail 182 ball foirne ar an tSraith Seimineár sa bhliain 2018.

Cuireann CIRTL réimse gníomhaíochtaí forbartha foirne ar fáil don lucht léinn a thagann ar cuairt ó ollscoileanna comhpháirtíochta ina measc cláir a mhaireann ar feadh míosa, trí mhí agus sé mhí. Thacaigh an tIonad le 218 duine idir bhaill foirne agus mhic léinn PhD sa Chlár do Léachtóirí ar Cuairt go dtí seo ó na háiteanna seo: an Áis, an Eoraip agus Meiriceá Thuaidh, Láir agus Theas.

**CUSPÓIR A hAON**

# Foghlaim








Le linn shamhradh 2018, d'óstáil CIRTL agus an Lárionad Teanga 70 scoláire ar cuairt agus mac léinn PhD ó naoi n-ollscoil ón tSín, ó Mhálta, ó Ghuatamala agus ó Mheicsiceo. Díríonn scoil samhraidh idirnáisiúnta sa teagasc agus san fhoghlaim ar an téama: Teagasc le haghaidh Tuisceana agus an Fhoghlaim a bheith níos Sofheicthe san ard- agus sa bhreisoideachas.

## Tionscadail Nua

D'éirigh le OVPLT/CIRTL le déanaí maidir le hiarratas eile ar thionscadal *Erasmus+ Capacity Building*. Reáchtálfar an tionscadal '*Innovative Teacher Education through Personalized Learning*' ón mbliain 2018 go dtí 2021.

D'éirigh le COC chomh maith ina chuid iarratais ar pháirt a ghlacadh sa dara tionscnamh téamach piarghrúpa de chuid Chumann na nOllscoileanna Eorpacha (EUA). Cuireann an tionscnamh iomaíoch seo ar fáil d'ollscoileanna roghnaithe an deis chun taithí insititúideach a mhalartú. Díreoidh piarghrúpa COC ar '*promoting active learning in universities*'. Tabharfar seo chun críche i bhfoirm tuairisce bunaithe ar an gcleachtas is fearr a roinnfear idir bhaill an grúpa.

Faoi stiúir an Dra Laura Lee, d'éirigh le CIRTL ina iarratas ar Chlár Soghluaisteachta Rialtas na hÉireann. Bronnadh €8,640 ar an bhfoireann chun taisteal go dtí trí institiúid éagsúla i gCeanada agus sa Ríocht Aontaithe chun tacú leis an obair ar spásanna teagaisc agus foghlama teangacha idirnáisiúnta a fhorbairt d'fhonn foghlaim na mac léinn a fheabhsú.

## Forbairtí Nua san Oideachas Leanúnach do Dhaoine Fásta

Tá fás as cuimse tagtha ar an Oideachas Leanúnach do Dhaoine Fásta in COC le trí bliana anuas agus tháinig méadú de 17% ar a mhaoiniú ó chistí eile seachas an Státchiste. Mar thoradh air seo, d'éirigh leis cuspóir na hollscoile a bhaint amach maidir le rochtain ar an oideachas tríú leibhéal a mhéadú agus cláir a chur ar fáil ar an lathair do phobail áitiúla agus do thionscadail ar fud na hÉireann mar aon le cláir ar líne a fhorbairt agus tionscadail Comhpháirtíochtaí ar nós Tionscnaimh Phríosún Chorcaí, Comharsantachtaí Foghlama, CRI na Sceilige agus tionscadal RPL.

I mbliana, bhí áthas ar ACE tús a chur le cláir nua, Teastas i dTacaíocht Cleachtaidh Feirmeoireachta Sóisialta san áireamh. Bronntar Gradaim Sainchuspóra Leibhéal 6 ar an gclár seo agus é ar an gcéad chlár mar é san Eoraip a chuirean deiseanna oideachais agus oiliúna ar fáil dóibh siúd a oibríonn le daoine a bhfuil míchumais acu ar óstfheirmeacha agus lasmuigh díobh ina róil mar oibrithe tacaíochta.

Thosaigh an chéad bhuíon ar an Dioplóma nua i Staidéir Tráma ag deireadh mhí Eanáir 2019. Tá an clár seo atá go hiomlán ar líne, arna dhearadh agus arna sholáthar i gcomhpháirtíocht le Coireolaíocht in COC agus le hIonad Tráma WAVE i mBéal Feirste, ar an gcéad chlár dá mhacasamhail ar oileán na hÉireann.

Cuireadh tús leis an Teastas i Meabhairshláinte sa Phobal i dtrí ionad for-rochtana eile i mí Eanáir 2019 i mBaile Átha Cliath, i gCnoc na hAoine agus i bPríosún Chorcaí. Reáchtáiltear é i gcomhar le Meabhairshláinte Éireann.

Thosaigh triúr cliant tionsclaíochta nua cláir i bhforbairt cheannaireachta le ACE, ar a bhfuil Ergo, Asavie agus Shire. Táthar ag súil le tuilleadh clár le DePuy Synthes, Janssen, agus Pfizer.

## Foghlaim ar feadh an tSaoil

Fuair ACE cuireadh le bheith mar an dara hóstach ar Mhol Foghlama ar feadh an tSaoil de chuid Chruinniú na hÁise agus na hEorpa (ASEM). Ar na comhpháirtithe den eagraíocht idir-rialtasach seo tá Fondúireacht na hÁise agus na hEorpa (ASEF), Rúnaíocht ASEAN, an tSín, an tSeapáin agus an Coimisiún Eorpach. Forbairt a bhfuil an-teist uirthi í seo agus beidh cáil dhomhanda ar ACE dá barr. Bua nach beag í seo don ollscoil agus don oideachas in Érinn agus téann sí le ceann de mhórchuspóirí straitéiseacha na hollscoile maidir le 'luach a chruthú dár bpobal agus meon idirnáisiúnta againn agus sinn ag plé le ceisteanna áitiúla agus domhanda ar bhonn eolasach agus cruthaitheach'.

CUSPÓIR A hAON

# Foghlaim





Bhí baint ag ACE le Féile Foghlama ar Feadh an tSaoil i gCorcaigh (19–23 Márta 2018) agus arís i mbliana. D'eagraigh ACE na príomhimeachtaí de chuid COC don fhéile seo faoin teideal '*The Free University*' mar a raibh trí imeacht ar leith ar an gcampas le linn na gcúig lá. Leanann ACE ar aghaidh ag forbairt an churaclaim chun freastal ar riachtanais na sochaí agus na tionsclaíochta.

## Ardán Nua sa Fhoghlaim Fhíorúil

Seoladh an tIonad um Oideachas Digiteach (CDE), a mbíodh an teideal Foghlaim na Teicneolaíochta Feabhsaithe air go dtí seo, i mí Feabhra 2019.

Cuireann an tIonad comhairle agus tacaíocht forbartha ar fáil don fhoireann acadúil i dtaca leis an teicneolaíocht a chur i bhfeidhm ar an oideachas. Faoi láthair tacaíonn sé le 33 clár idir chláir fo- agus chláir iarchéime ar líne nó foghlama cumaisc den chuid is mó sna ceithre choláiste agus ACE agus 600 tá mac léinn ag freastal orthu. Reáchtáiltear seisiúin neamhfhoirmiúla *Byte Size* le linn na bliana acadúla agus go dtí seo tá freastal déanta ag 400 ball foirne orthu. Chomh maith leis sin tacaíonn an tIonad le forbairt spásanna na chéad ghlúine eile, bainistíonn sí an Stiúideo Leabharlainne, agus ghlac sé páirt i naoi gcinn de thionscadal de chuid an Fhóraim Náisiúnta um Fheabhas Teagaisc agus Foghlama, cuid díobh seo faoina stiúir.

Tá cur i bhfeidhm ardán nua de chuid COC sa Timpeallacht Foghlama Fíorúla curtha i gcrích ag CDE: Canvas. Agus tréimhse fhada taighde, próiseas soláthair agus réamheisiúint i mí Eanáir 2019 curtha i gcrích, tá 7,571 cúrsa Canvas ar fáil anois ar a bhfuil 31,099 mac léinn agus 5,393 ball foirne. I gcomhar leis na Seirbhísí TF, tá CDE tar éis 98 cúrsa oiliúna a chur ar fáil do níos mó ná 892 rannpháirtí.

Tá CDE tiomanta i gcónaí do sholúbthacht a chinntiú i dteagasc agus i soláthar ár gclár ar líne agus ár gclár cumaisc. I mbliana, sheolamar sé chlár nua idir Coláiste na nEalaíon, an Léinn Cheiltigh agus na nEolaíochtaí Sóisialta agus Coláiste an Leighis agus na Sláinte.

## Suaitheantais Dhigiteacha agus Cúrsaí ar Líne

Déantar micri-chreidiúintí, nó suaitheantais dhigiteacha, a thairiscint sa chuid is mó de na hollscoileanna domhanda is fearr agus mic léinn fo- agus iarchéime mar aon le mic léinn atá ag plé leis an Oideachas Leanúnach do Dhaoine Fásta ar thóir aitheantais maidir lena gcuid imeachtaí seach-churaclaim agus iad ag gabháil don staidéar. Ón mbliain 2016, tá OVPLT in COC ag plé ar bhonn áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta le tionscadail phíolótacha na suaitheantas digiteach a dhearadh, a fhorbairt agus a sholáthar. Tá léirithe ag na tionscadail phíolótacha seo deis agus cur i bhfeidhm praiticiúil na suaitheantas digiteach seo. Freagraíonn soláthar na suaitheantas digiteach do chuspóir stratiéiseach na hollscoile i dtaca le '*Delivering research-inspired teaching and learning with a world class student experience*'. Tagraíonn an suaitheantais go díreach do chroíluachanna na hollscoile: Cruthaitheacht, Freagrúlacht, Trédhearcacht, Scoláireacht, Saoirse chun Tuairimí a Nochtadh, Ionracas, Cothroime, Éagsúlacht agus Meas. Is féidir na suaitheantais seo a eisiúint d'fhoireann agus mic léinn COC.

Tagann méadú in aghaidh na bliana ar an éileamh ar na suaitheantais dhigiteacha agus eisíodh 46 shuaitheantas ar leith go dtí seo ar bronnadh ar 1,220 duine.

Tapaíonn na suaitheantais dhigiteacha deiseanna nua agus corraitheacha i gcomhthéacs na foghlama agus na forbartha. Cuireann COC 33 chúrsa ar fáil go hiomlán ar líne (sin figiúr níos airde ná in aon Institiúid Ardoideachais eile in Éirinn), mar aon le seoladh agus soláthar 'Suaitheantais Dhigiteacha' de chuid COC (micri-ríomhchreidiúintí) don fhoireann agus do mhic léinn a bhfuil cúrsa forbartha gairmiúla leanúnaí déanta acu.

## Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

I mí Dheireadh Fómhair na bliana 2016, bunaíodh an tIonad um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (CPD) laistigh den OVPLT tar éis tionscadail a mhair ar feadh bliana agus an phríomhfheidhm ag an Ionad seo chun tacú le daoine in COC ar mhian leo deiseanna CPD a fhorbairt agus a chur chun cinn in COC. Go dtí seo, tá tacaíocht tugtha aige do 80 Tairiscint CPD, 16 Mhodúl CPD agus 1,215 teastas eisithe aige d'fhoghlaimeoirí.

**CUSPÓIR A hAON**

# Foghlaim







Ag díriú ar chur leis an bhfeasacht bhranda, rinneadh athstruchtúrú ar shuíomh idirlín CPF agus leanann an tIonad de bheith ag méadú a loirg dhigitigh ar na meáin shóisialta ar nós Facebook, LinkedIn agus Twitter.

Is ar líne anois a dhéantar gach iarratas agus íocaíocht i dtaca le cúrsaí CPD.

## Breiseanna Nua in Oifig an Leas-Uachtaráin Foghlama agus Teagaisc (OVPLT)

Le linn 2018–19, cuireadh trí roinn nua isteach in OVPLT, Lárionad Teanga COC, Ionad Scileanna COC agus an Oifig um Achomhairc Scrúduithe.

Tá Lárionad Teanga COC bunaithe le fada agus é ag fás agus ag forbairt san ollscoil. Tá 25 ball foirne lán- agus páirtaimseartha aige. Cuireann an Lárionad Teanga cúrsaí lán- agus páirtaimseartha ar fáil in EFL (Béarla mar Theanga Iasachta) agus cúrsaí oiliúna do mhúinteoirí in EFF (TEFL) le linn na bliana go léir.

Tá an Lárionad Teanga mar an gcéad phointe teagmhála d'eagraíochtaí agus do dhaoine aonair ar mhian leo plé le hOiliúint chreidiúnaithe sa Bhéarla in COC agus feidhmíonn sé faoi réir ag na caighdeáin agus an t-ionracas idirnáisiúnta is fearr. Tá an tIonad mar bhall de AULC, CercleS, IATEFL agus MEI (Béarla do Margaíocht in Éirinn) agus tá sé aitheanta ag ACELS, seirbhís de Cháilíocht agus Cáilíochtaín in Éirinn, i dtaca le hoideachas theanga an Bhéarla.

Comhoibríonn an tIonad le CIRTL i gcónaí chun an Clár nuálaíoch do Scoláirí Idirnáisiúnta ar Cuairt a sholáthar do bhaill foirne san ardoideachas, rud a nascann tacaíocht Teagaisc agus Foghlama san Ardoideachas le forbairt theanga an Bhéarla.

D'éirigh an tOllamh Elizabeth Okasha as mar Stiúrthóir ar an Lárionad Teanga i mí Márta 2019, tar éis di 42 bhliain a chaitheamh in COC. Tháinig an Stiúrthóir nua, Zoe Williams, i gcomharbacht uirthí i mí Bealtaine na bliana 2019.

Tá Ionad Scileanna COC lonnaithe in OVPLT chomh maith agus cuireann sé spás foghlama ar fáil atá tiomanta, freagrúil agus gníomhach maidir le scileanna staidéir, scríbhneoireachta agus cur i láthair a fheabhsú agus ta sé tugtha do chur le heispéireas dearfach agus rathúil do mhic léinn COC.

Soláthraíonn an tIonad Scileanna réimse saincheardlann agus seisiún agus tá dea-theist air maidir lena dhúthracht agus a thiomantas nuair a thagann sé go dtí plé le rannpháirtíocht, foghlaim agus folláine na mac léinn. D'aithin Aontas na Mac Léinn tionchar an Ionaid agus bhronn siad Gradam um Obair Mhór ar son na Mac Léinn air i mí an Mheithimh 2019.

Go luath sa bhliain 2018, bhog an Oifig um Achomhairc Scrúduithe ó Oifig an Uachtaráin go dtí OVPLT agus fostaíodh Riarthóir um Achomhairc Scrúduithe chun tacú leis an Oifigeach um Achomhairc Scrúduithe. Tá an próiseas achomhairc scrúduithe á fheabhsú faoi láthair agus é mar aidhm aige an próiseas a bheith go hiomlán ar líne chun taithí níos fearr a chur ar fáil do mhic léinn.



## CUSPÓIR A DÓ

# Cruthaigh

Bheith mar ollscoil cheannródaíoch taighde, nuálaíochta, fiontraíochta, tráchtálaithe agus tionchair shóisialta.

## CUSPÓIR A DÓ

# Cruthaigh






Leanann COC de bheith ar cheann de na hollscoileanna is fearr in Éirinn i dtaca le maoiniú taighde agus figiúirí ioncaim taighde don bhliain acadúil 2018/2019 ag léiriú gur bhain COC maoiniú R&D amach de níos mó ná €105 milliún. Seasann seo do mhéadú de 25% le deich mbliana anuas, rud atá i bhfad níos mó ná mar a bhí mar chuspóir sa Phlean Straitéiseach agus rud stairiúil é mar nach bhfuair an institiúid an méid sin riamh cheana. Is cóir a thabhairt faoi deara gur baineadh seo amach i gcomhthéacs dúshlánach maidir le geilleagar na tíre agus an domhain.

Ón mbliain 2005, tá níos mó ná €1.2 billiún faighte ag taighdeoirí COC mar infheistíocht mhaoinithe taighde.

De dheasca an bhrú ar mhaoiniú ón Rialtas, fuarthas níos mó ná €31 milliún den ioncam taighde sa bhliain 2018/19 (30% den mhaoiniú iomlán) ó fhoinsí eile seachas ón Státchiste, go háirithe ón gCoimisiún Eorpach agus ó na hearnálacha fiontraíochta. Seasann seo do mhéadú de 123% le deich mbliana anuas agus é gríosaithe den chuid ba mhó ag méadú de 144% ar mhaoiniú ó chláir an AE (go dtí €15 milliún) agus méadú de 191% ar mhaoiniú ó fhoinsí fiontraíochta (go dtí €12.3 milliún).

In ainneoin gur tháinig laghdú ar ghlaonna *Horizon* 2020 (rud a léirítear i laghdú mhaoiniú na hEorpa in 2017/18 agus 2018/19), tiocfaidh méadú suntasach ar mhaoiniú breise an AE i mbliain dheireanach an chláir chun deiridh seo.

Ó thaobh maonithe taighde a fuarthas ó earnáil na fiontraíochta de, d'éirigh thar barr le COC i gcomparáid le hinstitiúidí Éireannacha eile, rud a léiríonn dea-theist na hinstitiúide seo maidir le comhoibriú éifeachtach agus buan le comhpháirtithe tionsclaíochta tábhachtacha.

D'fhonn dul i ngleic le mórdhúshláin taighde agus d'fhonn tionchar láidir a imirt is cóir cur chuige ildhisciplíneach agus domhanda a chur i bhfeidhm. Chuige seo, comhoibríonn taighdeoirí COC le 3,917 eintiteas taighde in 140 tír, a chuireann 8,100 foilseachán ar fáil, agus tá siad in áit idéalach chun na comhpháirtíochtaí seo a chur chun cinn d'fhonn bheith rathúil i gcláir mhaoinithe ón Státchiste agus cláir mhaoinithe eile.




**Figiúr 1: Institiúidí ag Comhoibriú le COC (2014–2019)**

### Caidreamh Eorpach agus *Horizon* 2020

Creatchlár reatha an AE le haghaidh taighde agus nuálaíochta is ea *Horizon 2020*. Seoladh é i mí na Nollag 2013 agus luach €80 milliún aige agus deis mhór is ea é do COC maidir le gach disciplín taighde. Ag leibhéal náisúnta, tá sprioc íostarraingthe uaillmhianach leagtha amach don chlár ag an rialtas dar luach €1,25 billiún.

**CUSPÓIR A DÓ**

# Cruthaigh







Le cinntiú go mbeadh ar lánchumas COC an rath is fearr a bhaint amach, d'fhorbair Seirbhísí Tacaíochta COC Plean Gníomhaíochta *Horizon* 2020 inar leagadh amach straitéis chun tacaíochtaí taighde atá ann cheana féin a mhéadú agus a fheabhsú chomh maith le saintacaíochtaí nua a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm agus é mar aidhm aige buntáiste iomaíoch agus suntasach a thabhairt dár dtaighdeoirí in *Horizon* 2020. Mar chuid de seo bunaíodh *Prime-UCC*, an chéad seirbhís Éireannach um bainistiú tionscadal san Eoraip.

Seasann ráta rathúlachta na dtograí a chuirtear isteach arna dtacú ag *Prime-UCC* ag níos mó ná 33%, meán i bhfad níos airde ná meán an AE ag 12% agus cinntíodh tionscadail dar luach €45.5 milliún. Le déanaí, scóráil togra *Horizon* 2020 a chuir COC isteach, le tacú ó Prime-UCC, 97.2%, an ráta is airde san Eoraip.

Faoi mhí Feabhra 2020, mar thoradh ar dhul chun cinn an Phlean Ghníomhaíochta, bhí 182 dámhachtain *Horizon* 2020 gnóthaithe ag taighdeoirí COC (63 acu mar chomheagraí agus 119 acu mar chomhpháirtí) ó mhór-iomlán de 1,100 iarratas a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin. Ráta rathúlacha de 17% is ea é seo i gcomparáid le meán an AE a sheasann ag 12%, agus é mar an ráta rathúlachta is airdre sna hollscoileanna Éireannacha go léir. I dtéarmaí aistarraigthe airgeadais, tá €89 milliún gnóthaithe ag taighdeoirí COC ó cuireadh tús le *Horizon* 2020 sa bhliain 2014, rud a sheasann do 81% de sprioc airgeadais COC do chlár iomlán *Horizon* 2020 (€110.3 milliún).

Laistigh de *Horizon* 2020, is í An Chomhairle Taighde Eorpach (ERC) comhlacht a thacaíonn leis na heolaithe, na hinnealtóirí agus na scoláirí is fearr san Eoraip ó bunaíodh í sa bhliain 2007. Tar éis próiseas comhairliúcháin chun straitéisí a aithint a d'fheabhsódh dul chun cinn COC i gcomórtais ERC, forbraíodh Plean Feabhsaithe ERC um Fheidhmiú Straitéise thar ceann na hinstitiúide go léir agus tá seo á chur i bhfeidhm faoi láthair.

## Fís 2020: Gréasán *Horizon*

Ag tús *Horizon* 2020, chun luach ár ngréasán ar fud na hEorpa a fheabhsú, bhí COC mar an gcéad bhall Éireannach d'Fhís2020: Gréasán *Crowdhelix*. Tá an tionscnamh seo ina ghréasán Nuálaíochta Oscailte d'ollscoileanna, eagraíochtaí taighde agus gnólachtaí ar fud na hEorpa atá ar thóir maoinithe ó chlár *Horizon* 2020. Tá 200 eagraíocht mar bhall anois agus tá níos mó ná €4 bhilliún de mhaoiniú *Horizon* 2020 gnóthaithe acu d'fhonn tabhairt faoi níos mó ná 6,900 tionscadal i gcomhar.

Bunaíodh é i Londain mar a bhfuil sé lonnaithe agus ta Fís2020 ag méadú san Eoraip sa bhliain 2019 agus tar éis roinnt féidearthachtaí a mheas, tá COC roghnaithe acu chun a n-oifig Eorpach a óstáil. Agus an eagraíocht seo in COC, beidh deiseanna breise agus suntasacha ann don institiúid cur lena chuid cumhachta chun gréasáin a chothú agus chun spriocanna uaillmhianacha *Horizon* 2020 dá bhfuil againn a chur i gcrích.

## An Dr Seán McCarthy ceaptha mar Ollamh Taca COC

Mar thaca eile le príomhchuspóir straitéiseach na hisntiúide d'fhonn cumas COC a mhéadú i dtaca le feabhas agus tionchar taighde COC a chur chun cinn, d'fhógair RSS COC le déanaí gur ceapadh an Dr Seán McCarthy (thuas ar dheis) mar Ollamh Taca chun dlúthobair a dhéanamh le foireann RSS COC.

Saineolaí ceannródaíoch is ea Seán ar chláir mhaoinithe taighde Eorpacha agus saineolas aige ar chúrsaí oiliúna a dhearadh do thaighdeoirí ar fud na hilchríche, lena -áirítear 74 cinn den 100 ollscoil agus ionad taighde is fearr san Eoraip. Le linn a cheapacháin trí bliana, oibreoidh Seán go dlúth le foireann RSS COC agus leis an bpobal taighde i gcoitinne agus é ag cur tacaíocht shainiúil ar fáil do roinnt tionscnamh, lena n-áirítear:

- **Forbairt Straitéis Eorpach *Horizon* 2020 de chuid COC.** Beidh pleananna cuimsitheacha ag leibhéal na Scoileanna mar chuid den straitéis seo agus díreofar

**CUSPÓIR A DÓ**

# Cruthaigh








inti go mbeidh COC ina institiúid a dhéanfaidh plé éifeachtach ag leibhéal polasaí an CE agus an t-ailíniú is fearr a chinntiú idir tosaíochtaí institiúide agustosaíochtaí maoinithe taighde an Choimisiúin. Ar na sainghníomhaíochtaí beidh caighdeán na dtograí faoi stiúir COC á n-ardú, an líon de thaighdeoirí COC a phléann le maoiniú an AE a mhéadú agus éagsúlacht na gclár a bhfuil baint againn leo a fheabhsú.

- **Oifigigh Thaighde a oiliúint agus a uas-scilliú** ar fud na hOllscoile d'fhonn lántairbhe a bhaint as éifeacht an bhonneagair tacaíochta taighde de chuid COC.

- **Ag cabhrú le cláir nuálacha a fhorbairt agus a sholáthar do phobal taighde COC agus deimhin a dhéanamh** de go bhfuil na tacaíochtaí seo curtha in oiriúint do na buíonta éasgsúla taighdeoirí. Mar chuid de seo, déanfar clár meantóireachta a sholáthar dírithe ar thaighdeoirí ag tosú amach.

Ag tacú le Gníomh Straitéiseach 2 de Plean Straitéiseach Taighde agus Nuálaíochta COC (2017–2022). Mar thoradh ar na gníomhartha seo, ar a bhfuil tionscadal chun suirbhé a dhénamh ar ghníomhaíocht taighde COC agus í a ailíniú le Cuspóirí Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, éascófar tacaíochtaí nua agus nuálaíocha a fhorbairt a chuirfidh ar chumas thaighdeoirí COC a gcuid aidhmeanna a bhaint amach agus an chéad ghlúin eile de Cheannairí Taighde a chothú.

## Taighdeoir a bhfuil Cáil Dhomhanda air tagtha go dtí COC

I mí na Nollag 2018, dhearbhaigh COC gur ceapadh an tOllamh Séamus Davis (thuas ar chlé) chun clár taighde úrnua a stiúradh a dhíríonn ar Ábhair Chandamacha don Teicneolaíocht Chandamach, i gceapachán i gcomhar le hOllscoil Oxford.

Agus é ag obair go dlúth le RSS COC, chuir an tOllamh Davis isteach ar Ollúnacht Taighde Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) agus ar Dhámhachtain Bhonneagair an SFI, mar aon le Dámhachtain Ard-Deontais an ERC agus ghnóthaigh sé iad uile.

Feabhsóidh clar an Ollaimh Davis an dea-theist Éireannach atá ag fás mar gheall ar ábhair chandamacha agus taighde sa teicneolaíocht chandamach. Ina theannta sin, bunófar comhchlár taighde a bhláthóidh idir COC agus Oxford a fheabhsóidh oiliúint agus taithí na luath-thaighdeoirí a bheidh páirteach ann.

Céimí de chuid COC is ea an tOllamh Davis ar bronnadh air le déanaí an dá ghradam seo: *James Gilbert White Distinguished Professor of Physical Sciences* in Ollscoil Cornell agus Fisiceoir Sinsearach i Saotharlann Náisiúnta Brookhavein in DOE. Comhalta is ea é leis d'Acadamh Náisiúnta na nEolaíochta i Meiriceá a bhfuil ainm an léinn air.

## Dámhachtain Chlúiteach Buaite ag Taighdeoir COC

Ghnóthaigh an Dr J. Griffith Rollefson, An Scoil Ceoil agus Amharclannaíochta (thuas ar dheis), dámhachtain mór le rá ón ERC faoi Ghlaoch Comhdhlúthaithe 2019. Bronnadh nach mór €2 milliún ar an Dr Rollefson chun tabhairt faoin gcéad staidéar domhanda ar cheol agus cultúr hip hap. Déanfaidh an Dr Rollefson agus grúpa taighdeoirí staidéar ar hip hap ar shé ilchríoch agus fiosróidh siad conas agus cén fáth a bhfuil an ceol a bhaineann go dlúth leis an gcultúr Afrai-Mheiriceánach tar éis dul i bhfeidhm chomh mór sin ar phobail agus comhthéacsanna i bhfad i gcéin.

## Foilseacháin Torthaí Taighde

Léiríonn anailís ar thorthaí scolártha a gineadh as gníomhaíocht taighde COC méadú leanúnach le 10 mbliana anuas, faoi réir ag institiúidí Éireannacha eile. D'fhoilsigh taighdeoirí COC 2,103 alt taighde (dar le bunachar sonraí *Scopus*) sa bhliain 2018 (an bhliain dheireanach iomlán) rud a sheasann do mhéadú de 34% le 10 mbliana anuas.

Léiríonn anailís chomparáideach ar an méid tagairtí a rinneadh d'fhoilseacháin taighde, i ngach disciplín, go bhfuil ollscoileanna na hÉireann ag feidhmiú ag leibhéal níos airde ná an meán domhanda ar bhonn leanúnach agus an tionchar is airde dá chuid tagairtí gnóthaithe ag COC ón mbliain 2016 ar aghaidh.

## CUSPÓIR A DÓ

# Cruthaigh







Tá dul chun cinn COC ina leith seo arna thacú ag sraith tionscnamh ar fud na hollscoile atá curtha ar fáil ar fud na hollscoile ag RSS COC, i gcomhar le Leabharlann COC, agus é mar aidhm acu caighdeán agus tionchar mhéid na dtagairtí inár gcuid torthaí taighde a fheabhsú, agus feasacht a thiomsú mar gheall ar anailís bhibliméadrachta chun tionchar an taighde agus tábhacht na rochtana oscailte a thomhas.

Ar na tionscnaimh shamplacha tá:

- Ceardlanna dírithe ar dhul chun cinn ó thaobh tagairtí de a thomhas agus lántairbhe a bhaint astu. Cuirfear na ceardlanna seo ar fáil mar chuid de Chlár Oiliúna Ionad Scileanna COC agus iad seo á leathnú amach ar fud na hinstitiúide;
- Seoladh Acmhainn Ar Líne na Máistir-Ranganna *Nature* agus iad á gcur ar fáil do chách mar go soláthraítear iontu oiliúint ó eagarthóirí na hirisre *Nature*, d'fhonn cabhair a thabhairt do thaighdeoirí COC foilseacháin a chur sna hirisí mór le rá;
- Scéim chun Ard-Ráta Tagairtí a Aithint san institiúid sa bhliain 2020 (ta COC sa chéad 1% de rangú FWCI);
- Tacaíochtaí agus tionscnaimh a thosú d'fhonn cartlannú fhoilseacháin taighde CORA a éascú mar aon le taisclanna maithe seachtracha rochtana oscailte;
- Chun éachtaí sa spás seo a aithint, cuireadh tús le catagóir nua de ghradaim i gclár Dhámhachtainí Taighde COC. Aithníonn Taighdeoir Oscailte na Bliana taighdeoirí atá tar éis glacadh le prionsbail na heolaíochta oscailte ina bpróiseas taighde agus i scaipeadh a dtorthaí taighde;
- Seoladh fáiltiú bliantúil arna óstáil ag an Uachtarán d'fhonn ómós a léiriú do thaighdeoir ar éirigh leo taighde a fhoilsiú sna hirisí mór le rá lena n-áirítear *Science*, *Nature*, The Lancet agus teidil taighde de chuid *Nature*.

## Ceannaireacht agus Tionchar in 2018/2019 – Cuid de na Buaicphointí

### Dul chun Cinn maidir le Maoiniú Taighde ag Tacú le Cuspóirí Straitéiseacha COC: Ionaid Taighde SFI

Ar 9 Bealtaine 2019, bronnadh maoiniú ar shé ionad taighde de chuid an SFI mar chuid de Thionscadal Éireann 2040 – tá trí cinn de na hionaid seo lonnaithe in COC, agus tá ceann eile faoi stiúir ár n-institiúide agus sinn mar chomhpháirtí sa dá cheann eile. Is iad na hionaid SFT a óstálann COC ar bronnadh maoiniú orthu:

- *APC Microbiome* Éireann
- Ionad MaREI
- IPIC, An tIonad Éireannach um Chomhtháthú Fótónaice in Institiúid Náisiúnta Tyndall
- Tá COC mar chomhstiúrthóir ar Ionad *Insight* um Anailísíocht Sonraí


Mar phríomhchuspóir i bplean straitéiseach COC ba mhian linn a bheith mar ollscoil cheannródaíoch taighde, fionnachtana, nuálaíochta, fiontraíochta, tráchtálaithe agus tionchair shochaígh. Fuair ár gcuid ionad SFI an chuid ba mhó den infheistíocht seo dar luach €230 milliún, rud atá mar thaca le héicea-chóras taighde a bhfuil teist dhomhanda air i réigiún Chorcaí agus atá tar éis COC a chur chun cinn mar 'ollscoil cheannródaíoch' a imríonn tionchar nach beag i réimsí éagsúla cosúil le fuinneamh in-athnuaite, an comhéadan idir bia agus sláinte, fótónaic, agus anailísíocht sonraí.

Fógraíodh i mbliana chomh maith go raibh an tOllamh Paul Ross mar Stiúrthóir nua ar *APC Microbiome* Éireann. Ón mbliain 2014, bhí Paul mar Cheann ar Choláiste na hEolaíochta, na hInnealtóireachta agus na hEolaíochta Bia agus é mar Stiúrthóir Tánaisteach ar APC ón mbliain 2016. Tagann Paul i gcomharbacht ar an Ollamh Fergus Shanahan a bhí mar Stiúrthóir ar *APC Microbiome* Éireann ó bunaíodh é sa bhliain 2003.

**CUSPÓIR A DÓ**

# Cruthaigh





## Taighdeoirí Ardluaite

Príomhchuspóir do COC mar ata leagtha amach sa Phlean Straitéiseach Taighde agus Nuálaíochta (2017–2022) is ea tionchar na dtagairtí a dhéantar ar shaothar ár dtaighdeoirí ina gcuid foilseachán a mhéadú. Chuige sin, cuireadh sraith tionscnamh ar bun timpeall na hollscoile, faoi stiúir RSS COC i gcomhar le Leabharlann COC, d'fhonn daoine a chur ar an eolas mar gheall ar thionchar an taighde agus chun sraitéisí a thabhairt chun solais a fheabhsóidh an dul chun cinn sa ghné seo.

Le blianta beaga anuas, is dual dár dtaighdeoirí anseo in COC a bheith ar liostaí domhanda na dtaighdeoirí ardluaite, rud a léiríonn cáilíocht agus tionchar thaighdhe COC. Le fíordhéanaí, bhí naonúr taighdeoirí de chuid *APC Microbiome* Éireann – seachtar ó COC agus beirt ó Theagasc – ar Liosta Domhanda 2019 de na Taighdeoirí Ardluaite agus iad rangaithe sa chéad 1% dá ngoirt taighde. Bhí ochtar de na taighdeoirí seo ar liosta 2018 agus do cheathrar acu, ba é seo an tríú huair dóibh a bheith ar an liosta. Bhí triúr de na taighdeoirí sa chatagóir trasghoirt, a aithníonn taighdeoirí a imríonn tionchar suntasach ar ghoirt taighde éagsúla le deich mbliana anuas.



**Sa phictiúr thuas:** Cuid de Thaighdeoirí Adrluaite ó *APC Microbiome* Éireann.

## Seoladh Nuálaíocht COC

Tá éabhlóid shuntasach tagtha ar ghníomhaíochtaí Taighde agus Nuálaíochta san earnáil ardoideachais le 20 bliain anuas. Aithníonn straitéis náisiúnta an rialtais go gcuireann an comhoibriú idir ardoideachas agus tionsclaíocht go mór leis an ngeilleagar cliste. Tá comhlachtaí maoinithe an rialtais ag cur leis an tionchar chomh maith agus iad ag iarraidh ar ollscoileanna torthaí a léiriú ar infheistíocht an stáit agus iad ag cur leis an ngeilleagar eolasbhunaithe. Agus an earnáil ag forbairt, tá athrú tagtha ar an teanga a úsáidtear san earnáil le cur síos a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí níos leithne seo a ndéantar tagairt dóibh anois mar Bhainistíocht Nuálaíochta i Malartú Eolais. Dá bharr sin, d'fhaomh Foireann Bhainistíochta na hOllscoile i mbliana an teideal Oifig um Aisriú Teicneolaíochta go dtí Nuálaíocht COC.

Tapaíonn seo an deis an tseirbhís a athrú chun go mbeidh sí mar fhoireann de bhainisteoirí nuálaíochta a bhfuil sé mar thasc acu obair COC ar son an gheilleagair eolasbhunaithe a bhainistiú sa nasc idir an ollscoil agus an fhiontraíocht, agus iad ag cur leis an tionchar a imrímid.


## Príomhcheapachán do Nuálaíocht COC

Ceapadh an Dr Rich Ferrie mar Stiúrthóir ar Aistriú Teicneolaíochta i Samhain na bliana 2018. Chaith an Dr Ferrie 18 mbliana in Ollscoil Mhanchain, mar a raibh sé ina Stiúrthóir Oibríochtaí agus ina Cheann ar UMIP, Oifig um Aistriú Teicneolaíochta na hollscoile sin, le seacht mbliana anuas. Díol suntais is ea é go bhfuil Ollscoil Mhanchain sa 34ú háit sa domhan agus san 8ú háit san Eoraip ar thábla ARWU Shanghai, agus sa bhliain 2018 léim sí naoi n-áit go dtí Uimh. 7 sa liosta de 100 ollscoil Eorpach is nuálaí.

Tá gairm bheatha den scoth ag Rich san aistriú teicneolaíochta agus é mar bhall ar cuairt de Phainéal Idirnáisiúnta na hÉireann um Aistriú Teicneolaíochta (TTSI) le se bliana. Le linn an ama sin, tháinig feabhas ollmhór ar fhás agus teist na tíre sa phobal idirnáisiúnta um aistriú teicneolaíochta. Tá sé mar bhall coiste de *PraxisAuril*, eagraíocht oiliúna agus tathanta Malartaithe Eolais agus Tráchtálaithe (KEC) mar a bhfuil sé i bhfeighil ar a cur chuige i leith chruthú mac-chuideachtaí.

**CUSPÓIR A DÓ**

# Cruthaigh





## An Bhliain is Fearr Riamh d'Aistriú Teicneolaíochta

I mí Iúil 2019, d'fhoilsigh Aistriú Teicneolaíochta Éireann a Shuirbhé Bliantúil ar Aistriú Teicneolaíochta don bhliain 2018. Laistigh de seo, thuarscigh COC an líon ab airde riamh de roghanna ceadúnais nó de chomhaontuithe taisc le tionsclaíocht (30) chun maoin intleachtúil COC a aistriú isteach san earnáil tráchtála. Sheas seo do mhéadú de 15% ar an mbliain roimhe sin, a bhí mar an mbliain ab fhearr do COC go dtí sin, rud a fhágann go raibh an líon ab airde comhaontuithe taisc ag COC don dá bhlian, 2017 agus 2018 faoi seach as measc na n-institiúidi ardoideachais go léir in Éirinn. Is léiriú láidir é seo ar ár ndea-theist maidir le comhoibriú phobal taighde na hollscoile le tionsclaíocht agus an obair a dhéanamaid mar gheall ar chúrsaí gnó na hollscoile a chur chun cinn.

Bliain rathúil eile ab ea bliain acadúil 2018/19 do COC maidir le mac-chuideachtaí a bhunú. Tá comhaontuithe cruthaithe ag COC chun sé chuideachta nua a bnunú i réimsí ar nós na biteicneolaíochta, na forbartha bogearraí agus na micrileictreonaice. Tá COC ag díriú i gcónaí ar mhac-chuideachtaí a bhunú agus tá sé ag stiúrú Chiste *Hexagon Technology Pipeline*, rud a chruthaíonn comhpháirtíocht le UCD, OÉG, CIT, IT Thrá Lí agus IT GM.

## Gorlann Ghnó Gateway UCC

Tá Gorlann Ghnó *Gateway UCC* (*GatewayUCC*) mar ghorlann ghnó eiseamláireach de chuid COC agus é mar bhunghné den bhonneagar a thacaíonn le fiontraíocht i gceantar Chathair Chorcaí. Faoi láthair tá 20 cuideachta ag obair laistigh de Ghorlann Ghnó *GatewayUCC*. Thacaigh *GatewayUCC* le 55 chuideachta nua lena n-áirítear mac-chuideachtaí de chuid COC ó bunaíohdh é agus tá 350 post cruthaithe ag na cuideachtaí céanna. Meastar go bhfuil tionchar eacnamaíoch ag na poist seo sa réigiún dar luach níos mó ná €20 milliún mar thuarastal agus €7 milliún mar ioncam cánach. Soláthraíonn *GatewayUCC* spásanna deisce sealaíochta don lucht fiontraíochta agus do chuideachtaí nua roimh dóibh ionchorprú a dhéanamh, rud a chinntíonnn timpeallacht spreagúil chun na féidearthachtaí a bhaineann lena ndeiseanna gnó a chothú agus a mheas. Oibríonn *Gateway* le comhlachtaí taighdebhunaithe ó Institiúid Náisiúnta Tyndall, le hionaid taighde ar nós MaREI, INFANT, INSIGHT, *APC Microbiome* Éireann, IPC agus leis na scoileanna agus na ranna go léir.

Óstálann *GatewayUCC* Clár :Luasaire SPRINT, an chéad chlár foghlama struchtúrtha le haghaidh tráchtálaithe san ollscoil agus é ag plé le 'A go Z' den phróiseas a bhaineann le comhlacht nua taighdebhunaithe a bhunú. Cabhraítear leis an lucht fiontraíochta a gcuid eolais a thráchtálú agus cuideachtaí campais Tosaithe Ardacmhainne (PHSU) a chruthú. Forbraíodh SPRINT chun líon agus ráta rathúlachta mhac-chuideachtaí COC a mhéadú, trí mhaoin inlteachtúil agus nuálaíocht a úsáid ó phobal taighde COC. Tá an clár, a seoladh sa bhliain 2016, urraithe ag Fiontraíocht Éireann, Banc na hÉireann, LEO Chathair Chorcaí agus Comhairle Cathrach Chorcaí agus tá sé ag earcú a cheatrú timthriall d'fhiontair thaighdebhunaithe, agus bronnadh céim ar 30 rannpháirtí, cuid mhaith diobh a bhfuil infheistíocht á fáil acu ó fhoisí idir phríobháideach agus phoiblí.

Ar na fiontair a bhí mar chuid de thosuithe taighdebhunaithe SPRINT 2019, tá teicneolaíochtaí á bhforbairt i dtaca le monatóireacht radaíochta, teicneolaíocht an leighis, diagnóisic sa láthair chúraim, inbhuanaitheacht mhara agus athnuaiteán, cúram ailse agus tóireadóirí éirimiúla do thionscal na cógaisíochta.


## Comhairleoireacht COC

Ceann de ghníomhaíochtaí straitéiseacha sa Phlean Straitéiseach Taighde agus Nuálaíochta (2017–2022) is ea feabhas a chur ar láthair COC mar sholáthraí den chéad scoth ó thaobh seirbhísí comhairleoireachta de bunaithe ar fheabhas sa taighde i réimsí tábhachtacha. Chuige seo, d'éirigh le Nuálaíocht COC maoiniú a fháil ó Fhiontraíocht Éireann go déanach sa bhliain 2018 do chlár píolótach trí bliana chun seirbhís comhairleoireachta bainistithe a chur i bhfeidhm, dar teideal Comhairleoireacht COC, aonad sainiúil mar thaca le seirbhísí comhairleoireachta na hollscoile a sholáthar.

Cuireann Comhairleoireacht COC tacaíochtaí ar fáil d'fhoireann acadúil COC ar mhian leo tabhairt faoi chomhairleoireacht ollscoile. An chéad aidhm atá ag an aonad ná seirbhís iomlán a chur ar fáil chun go mbeidh na comhairleoirí acadúla in ann a gcuid saineolais a chur i bhfeidhm ar an bhfadhb reatha. An

**CUSPÓIR A DÓ**

Cruthaigh




dara haidhm atá ag an aonad sa chéim phíolótach ná bheith mar nasc idir cliaint ó thionsclaíocht sheachtrach, ag cur iomlán an eolais agus an tsaineolais den taighde iontach in COC ar fáil dóibh. Agus an t-aonad ag forbairt leis agus próisis agus córais chuí curtha i bhfeidhm, déanfaidh Comhairleoireacht COC níos mó iarrachtaí i leith shaineolas lárnach na foirne agus na rann ar mhian leo bheith páirteach sa chomhairleoireacht a mhargú agus a chur chun cinn. Ar deireadh, beidh ról ag Comhairleoireacht COC maidir le rialú agus tuairisciú na ngníomhaíochtaí comhairleoireachta in COC. Sa ghné seo, déanfaidh an t-aonad monatóireacht ar an Dearbhú Comhairleoireachta bliantúil agus beidh sé ar a chumas tuairisciú ar gníomhaíochtaí comhairleoireachta uile na hollscoile, agus beidh clár de thionscadail chomhairleoireachta na hollscoile aige.

Chun na haidheanna seo a bhaint amach, cuireann an t-aonad seirhbís iomlán ar fáil agus tacaíochtaí á soláthar aige maidir le bainistíocht riosca, bainistíocht tionscadal, bainistíocht chonarthaí agus na gnéithe riaracháin go léir a theastaíonn chun seirbhísí comhairleoireachta a chur ar fáil. Orthu seo tá:

- Tacaíocht mar gheall ar chonarthaí agus an dlí d'fhonn leas airgeadais agus acadúil na hollscoile agus an chomhairleora a chosaint
- Cúnamh le tionscadal a phraghsáil
- Téarmaí agus coinníollacha tráchtála mealltacha a phlé
- Clúdach slánaíochta le haghaidh thionscadail chomhirleoireachta na hollscoile
- Rochtain ar oiliúint i mbainistíocht riosca
- Sceidil bhilleála agus sonrasctha
- Scaipeadh inmheánach ioncaim do chomhghleacaithe/scoileanna/ranna agus do chomhairleoirí acadúla.

## Clár IGNITE

Tacaíonn IGNITE le 20 comhlacht nuathionscanta faoi stiúir céimithe nua gach bliain. Reáchtáiltear an clár 12 mhí dhá uair in aghaidh na bliana agus dhá ghrúpa de 10 gcomhlacht nuathionscanta ag tosú gach sé mhí. Ón mbliain 2011, tá an clár tar éis tacaíocht a thabhairt do 135 bunaitheoir ag obair ar 105 smaoineamh do chomhlachtaí nuathionscanta. Fostaíonn na comhlachtaí nuathionscanta rathúla níos mó ná 200 duine agus bhailigh siad níos mó ná €15 milliún.




**Figiúr 2: Maoiniú Tionsclaíochta Faighte ag Taighdeoirí COC**

## Comhoibriú Taighde le Tionsclaíocht – An Pictiúr Náisiúnta

Tá teist ar COC le fada maidir le comhoibriú le tionsclaíocht. Cuireann an pobal taighde béim fós ar luach na mbuntáistí a bhaineann le hoibriú le comhlachtaí ar bhonn réigiúnach agus idirnáisiúnta. Ionaid taighde COC arna maoiniú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann nó Fiontraíocht Éireann, baineann a ndul chun cinn ar chomhpháirtíochtaí láidre agus buana le tionsclaíocht (Figiúr 2). Léirigh an Suirbhé Bliantúil um Aistriú Eolais (AKTS) go bhfuil ag éirí go maith le COC sa réimse seo é ar na hinstitiúidí is fearr in Éirinn ach go bhfuil an gort seo ag éirí níos iomaíche agus COC in iomaíocht le Coláiste na Tríonóide go háirithe sa réimse seo (Tábla 1). Ba cheart a thabhairt faoi deara go gcuirtear i láthair i suirbhé AKTS na bliana seo an caiteachas taighde a fhaighter ó chaidreamh taighde le tionsclaíocht. Ciallaíonn seo go bhfuil an t-airgeads a fhaighter ó fhoinsí rialtais cáilithe faoi mar atá an t-airgeadas a fhaightear go díreach ó thionsclaíocht.

| Caiteachas | Taighde na hollscoile (€) (Iúide blocdheontas) sa bhlian tagartha | Caiteachs taighde faighte ó eintitis tráchtála | % de chaiteachas taighde faighte ó fhoinsí tráchtála |
|---|---|---|---|
| Coláiste na hOllscoile Corcaigh | €100,220,971 | €24,053,033 | 24.0% |
| Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath | €102,530,760 | €24,648,395 | 24.0% |
| An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath | €91,750,000 | €5,229,750 | 5.7% |
| OÉG | €70,745,219 | €7,074,522 | 10.0% |
| Ollscoil Luimnigh | €36,101,967 | €4,414,259 | 12.2% |
| Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath | €35,314,075 | €16,318,089 | 46.2% |
| Ollscoil Mhá Nuad | €26,300,995 | €789,030 | 3.0% |

**Tábla 1: Ioncam Taighde Ollscoileanna Éireannacha ón Earnáil Fiontraíochta – Comparáid idir na hOllscoileanna Éireannacha**

## CUSPÓIR A TRÍ

# Téigh i mbun agus Gníomhaigh

Luach a chruthú dár bpobal agus meon idirnáisiúnta againn agus sinn ag plé le ceisteanna áitiúla agus domhanda ar bhonn eolasach agus cruthaitheach.

## CUSPÓIR A TRÍ

# Téigh i mbun agus Gníomhaigh







Is é Cuspóir 3, Gníomh 16 de Phlean Straitéiseach 2017–2022 de chuid na hollscoile COC a bhunú mar ollscoil cheannródaíoch chun bheith páirteach go sibhialta leis an bpobal ar bhonn réigiúnach, naisiúnta agus idirnáisiúnta. Mar shínitheoir le Cairt an IUA dar teideal *Campus Engage Civic and Community Engagement Charter*, tá obair leanúnach déanta ag an ollscoil chun an cur chuige seo a threisiú inár misean agus inár gcuid luachanna agus oibríochtaí. Tá COC ag plé le mórghréasáin idirnáisiúnta agus é mar bhall den *International Talloires Network* ón mbliain 2018 agus sinn ag plé i gcónaí ar bhonn rialta le Fondúireacht Carnegie.

Aithnítear COC sa lá atá inniu ann mar cheannaire domhanda nuair a thagann sé go dtí rannpháirtíocht shibhialta agus phobail. Sa bhliain 2019, tháinig COC sa chéad áit in Éirinn maidir lena chuid oibre ar son chuspóir na Náisiún Aontaithe 'Síocháin, Ceartas agus Institiúidí Láidre' (sa 12ú háit ar fud an domhain) i rangú *Times Higher Education* (THE) maidir le tionchar, rud a léiríonn tábhacht agus fairsinge ár rannpháirtíochta. Sa bhliain 2019, bhí COC ina bhuaiteoir ar Dhuais Idirnáisiúnta MacJennet ón *Talloires Network* de bharr a thionscnaimh mar Ollscoil Tearmainn.

Cuireadh tús leis an gcéad Phlean um Rannpháirtíocht Shibhialta agus Phobail sa bhliain 2018. Ag freagairt do mholtaí ón athbhreithniú ar COC de chuid *Carnegie Community Engagement Classification*, tá se mar aidhm againn a bheith nasctha, sofheicthe agus rannpháirteach agus cur chuige straitéiseach agus comhordaithe á chur i bhfheidhm againnn, rud a ardaíonn próifíl ár ngníomhaíochtaí agus ag an am ceanna ag cur le cultúr na rannpháirtíochta i measc na foirne, na mac léinn agus an phobail trí chéile. Ag tacú leis an aidhm seo thugamar fúthu seo sa bhliain 2018:

- Bunaíodh coiste tiomanta, agus an Leas-Uachtarán um Chaidreamh Seachtrach sa chathaoir. Bhí an coiste ag tuairisciú chuig Foireann Bhainistíochta na hOllscoile.
- Ceapadh Oifigeach um Rannpháirtíocht Shibhialta agus Phobail i mí Bealtaine 2018.
- Cruthaíodh suíomh idirlín tiomanta d'fhonn rannpháirtíocht leis an bpobal a chur in iúl agus mar thaca leis an rannpháirtíocht chéanna.

### Rannpháirtíocht Phobail bunaithe ar an gCuraclam a Cur chun Cinn

Cuireann Straitéis Acadúil um Churaclam Nasctha de chuid COC mar aon le Clár Thréithe an Chéimí (GAP) béim ar fhoghlaim phobalbhunaithe agus idirghairmiúil d'fhonn luachanna, scileanna agus cumais a fhorbairt a chuireann rannpháirtíocht shibhialta chun cinn mar aon le hionchuimsiú sóisialta, inbhuanaitheacht agus saoránacht dhomhanda a bhfuil tionchar aici sna cúrsaí acadúla go léir. Mar shampla, d'oibrigh na mic léinn le chéile mar fhoireann chun máistirphlean a chruthú do lár bhaile an Ghleanntáin agus iad ag gabháil do chúrsa pobalbhunaithe dar teideal '*Becoming Reflective Practitioners*' arna mhúineadh ag an Ionad um Oideachas agus Taighde Pleanála. Fuair an cúrsa ardmholadh ag Bronnadh Gradam um Fheabhas na Pleanála sa Teagasc de chuid Chomhlacht na Scoileanna Eorpacha. Chomhoibrigh mic léinn ar mhodúl foghlama seirbhíse sa tSíceolaíocht Fheidhmeach le hIonad Chorcaí um Thacaíocht na nImirceach chun scrúdú a dhéanamh i gcomhar ar na dúshláin a bhíonn ag teifigh agus iarrthóirí tearmainn i gCorcaigh. Thug mic léinn na Teiripe Ceirde faoi mhodúl foghlama seirbhíse dar teideal *Becoming a Healthcare Professional* i gcomhar le Clubanna Oibre Baile na scoileanna áitiúla le linn dhá sheimeastar.

I mí an Mheithimh 2019, bronnadh maoiniú Erasmus+ ar COC, i gcomhpháirt le Comhairle Cathrach Chorcaí, Ollscoil Bologna agus ceithre ollscoil Eorpacha eile d'fhonn roinnt modúl a phléann le rannpháirtíocht phobail a fhorbairt chun go mbeidh páirt ag mic léinn idirnáisiúnta i dtionscadail foghlama seirbhíse ar fud chathair Chorcaí. Aithníonn an maoiniú seo tiomantas láidir COC don rannpháirtíocht phobail. Fuarthas sé cinn déag de ráitis spéise ó fhoireann COC d'fhonn modúil a fhorbairt a phléann le rannpháirtíocht phobail.

Anuas air sin, tá EDI i gceannas ar thionscadal DISCs (Discplíní ag Fiosrú Dhúshláin na Sochaí) de bharr €150,000 a bheith faighde aige ón bhFóram Náisiúnta um Theagsc agus Foghlaim. I gcomhar le DCU agus le hOllscoil Mhá Nuad, dírítear sa tionscadal seo ar thacú leis an bhfoireann ceartas sóisialta a mhúineadh agus a bheith páirteach ann i ndisciplíní uile an ardoideachais.

Bunaíodh roinnt modúl mar thaca le forbairt iarchéime sa rannpháirtíocht phobail.

**CUSPÓIR A TRÍ**

# Téigh i mbun agus Gníomhaigh







Mar chuid de staidéar EnRRICH de chuid *Horizon* 2020, tá modúl taighde rannpháirtíochta pobalbhunaithe (CBPR) forbartha ag COC mar thacaíocht do thaighdeoirí PhD CBPR a leabú laistigh den churaclam agus fócas ar CBPR mar chur chuige i leith Taighde agus Nuálaíocht Fhreagrach. Oibríonn an modúl le grúpa pobal éagsúil gach bliain. Sa bhliain 2018, d'oibrigh mic léinn agus léachtóirí mar fhoireann le Fóram Comhshaoil Chorcaí.

Sa bhliain 2018, roghnaigh an ÚAO modúl de chuid COC, dar teideal *Bystander Intervention*, mar scéal institiúideach a d'imreodh tionchar ar an tsochaí. Freagra dírithe do cheisteanna bhaineann le meas gnéis agus le feasacht toilithe i gcoitinne. Foghlaim chumaisc a tharlaíon sa chlár seo agus tá sé ar fáil don 22,000 mac léinn ar an gcampas. Aithnítear go sonrach é mar chúrsa ceannródaíoch san earnáil seo sa Ghréasán Náisiúnta agus táthar á thairiscint in institiúidí aroideachais ar bhonn náisiúnta ar iarratas ón Aire Ardoideachais.

## Ag Leabú Éiteas na hOibre Deonaí

I mí na Nollag 2018, sheol COC ceann de na chéad tuairiscí cuimsitheacha ar obair dheonach na mac léinn in ollscoil in Éirinn dar teideal *Making a Difference: A Research Report on Student Volunteering in UCC*. Léiríodh sa tuairisc go mbíonn obair dheonach ar siúl ag 46% dár gcuid mac léinn le heagraíochtaí pobail áitiúla, clubanna agus grúpaí campais ar bhonn leanúnach.

Gearrliostáladh Cosán Oibrithe Deonacha Sheirbhís na nGairmeacha in COC le haghaidh Gradaim Infhostaitheachta ó Chomhlacht na Seirbhísí Gairmeacha san Ardoideachas (AHECSO) sa bhliain 2019 as 647 mac léinn a chumasú d'fhonn bheith ullamh don todhchaí lena gcomhpháirtíochtaí pobail.

Tugann foireann am dá gcuid féin chun páirt a ghlacadh i raon leathan eagraíochtaí áitiúla agus náisiúnta, Ionad Chorcaí na nOibrithe Deonacha san áireamh. Mar shampla, déanann níos mó ná 220 obair dheonach gach bliain.

chun tionscnaimh Rochtana agus Rannpháirtíochta a sholáthar ar an gcampas agus sa phobal, rud a fhágann gurb é seo an clár is mó d'obair dheonach in COC.

Gach bliain, eagraíonn an fhoireann ar bhonn deonach 'Tráthnóna Samhraidh ar an gCearnóg', mar a bhfreastalaíonn na mílte air, chun sochair na gcarthanachtaí áitiúla.

## Rannpháirtíocht agus For-Rochtain Phoiblí chun Sochair na Sochaí

Sheol an tIonad um Fhorbairt Dhomhanda (CGD) plean straitéiseach nua i mí Meithimh na bliana 2019 a léiríonn tiomantas láidir COC do thionchar shochaíoch a bhaint amach. Spreagann an CGD rannpháirtíocht i gcomhar in COC ar fhorbairt idirnáisiúnta agus ar cheisteanna inbhuanaitheachta. I mí an Mheithimh 2019, den chéad uair riamh d'óstáil COC Scoil Samhraidh Náisiúnta de chuid an Chomhlachta um Staidéir Forbartha. D'óstáil an CGD comdháil idirnáisiúnta chomh maith ar ocras domhanda agus d'éascaigh sé seoladh Éireannach den Tuairisc úrnua EAT-Lancet ar Bhia, Pláinéad, Sláinte. Tá dhá mhodúl forbartha ag an CGD d'fhoireann agus mic léinn na hOllscoile go léir agus don phobal mór, agus reáchtáil sé sraith seimineár le linn na bliana chun obair fhoireann COC a thabhairt chun solais mar gheall ar dhul i ngleic le Cuspóirí Inbhuanaitheachta éagsúla Náisiún Aontaithe (SDGanna).

Mar chuid dár bPlean um Rannpháirtíocht Shibhialta agus Phobail, táimid tugtha do shochaí a bhfuil tuiscint aici ar chúrsaí eolaíochta a chur chun cinn, agus bhí cúpla mórthionscnamh le linn 2018–19 mar thaca leis seo. I mí Mheán Fómhair 2018, sheol COC a chéad Oíche Taighde Eorpach '*Cork Discovers*' arna maoiniú ag an gCoimisiún Eorpach faoi ghníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie. 40 imeacht a bhí i gceist leis seo i 10 n-ionad timpeall na cathrach ar fhreastail ní ba mhó ná 2,000 cuairteoir orthu. Ghlac 12,000 eile páirt i bhFéile Eolaíochta Chorcaí arna heagrú ag Saotharlann Fadsaoil Chorcaí agus COC [Tyndall, IPIC, CONNECT, *APC Microbiome* Éireann, MaREI agus INFANT]. Sa bhliain 2018 bhí baint ag 3,000 ball den phobal le tionscadal *MakerDojo* de chuid Institiúid Tyndall agus ní raibh baint ag cuid mhaith díobh seo le gníomhaíochtaí STEM roimhe seo. Reáchtáladh iad seo ag 12 fhéile teaghlaigh agus ealaíne ar fud na hÉireann. Sa bhliain 2018, chuir Ionad Taighde an SFI in *APC Micribiome* Éireann de chuid COC tús leis an gcéad Lá Domhanda riamh dírithe ar Mhicribhithóm rud a chuir cúrsaí eolaíochta agus STEM os comhair an domhain mhóir.

## CUSPÓIR A TRÍ

# Téigh i mbun agus Gníomhaigh





Le linn 2018–2019, bhí baint ag 530 dalta bunscoile agus 800 scoláire meánscoile le clár de chuid Tyndall faoi Oideachas agus Rannpháirtíocht Phoiblí. Rinne 143 scoláire Idirbhliana eile cláir taithí oibre in Tyndall. D'óstáil Scoil na Síceolaíochta Feidhmí comórtas rathúil dar Teideal *Psych-Slam*, comórtas bliantúil do scoláirí na hidirbhliana i scoileanna réigiúnacha a dhéanann taighde ar thopaic shíceolaíochta agus a dhéanann cur i láthair d'fhoireann agus mic léinn COC. Tá *My Big Friendly Guide to the European Union* ag plé le 60 bunscoil agus 80 múinteoir i gclár nuálach teagaisc agus foghlama a bhfuil sé mar aidhm aige feasacht, eolas agus díospóireacht a fhorbairt ag leibhéal na bunscoile mar gheall ar an Aontas Eorpach agus ról na hÉireann ann.

### Rannpháirtíocht Phobail á cur chun cinn ag Clár Rochtana agus Rannpháirtíochta COC

Bronnadh gradam ar Chlub Oibre Baile *UCC PLUS+* as an bhfor-rochtain oideachais is fearr ag na Gradaim Oideachais sa bhliain 2019. Cuireann sé tacaíocht acadúil ar fáil do dhaltaí in áiteanna faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch i gCathair Chorcaí, agus ghlac níos mó ná 100 dalta pairt sa tionscnamh sa bhliain 2018/19 a raibh níos mó ná 3,000 u.a.c. d'obair dheonach i gceist leis.

### Comhpháirtíochtaí a Imríonn Tionchar ar an tSochaí

Agus baint aige le roinnt comhpháirtíochtaí ileagraíochtúla is féidir le COC cur le roinnt mórhtionscnamh áitiúil. Táimid i gceannas ar chuid díbh seo agus tacaímid le cinn eile ar bhonn gníomhach. Ar na tionscnaimh seo tá: Cathracha Sláintiúla Chorcaí, Comhairle Chorcaí um Beartas Bia, Fóram Comhshaoil Chorcaí, Cathair Chorcaí mar Chathair Thearmainn, Cathair Aoisbháúil Chorcaí. Tá comhpháirtíochtaí móra againn le Comhairlí Cathrach agus Contae Chorcaí agus le heagraíochtaí ceannródaíocha na sochaí sibhialta, orthu seo tá: Comhpháirtíocht SECAD, Ionad Chorcaí na nOibrithe Deonacha, Comhdháil Oileáin na hÉireann, Gréasán Foghlama Náisiúnta, Glúin Cheoil Chorcaí.

I bpáirt le pobail áitiúila, tá stáisiúin raidió bunaithe againn ar oileáin Iarthar Chorcaí a bhuí lenár dtionscadal *EU Grassroots Wavelength Project* arna reáchtáil ag an tSíceolaíocht Fheidhmeach. Ta tionscnaimh for-rochtana bunaithe ag COC i gCathair Saidhbhín, (*Skellig CRI*), Daingean Uí Chúis (Daingean 2003) agus Dún Chíomháin. Tá curtha againn chomh maith lenár gcuid comhpháirtíochtaí le comharsanachtaí áitiúla lámh le COC agus Grúpa Idirchaidrimh na Comharsachta Áitiúla bunaithe againn.

Bhí baint lárnach ag COC le Corcaigh a bheith mar chuid de Ghreásán Domhanda na gCathracha Foghlama de chuid UNESCO agus é mar cheann de 199 ar fud an domhain, rud a aithníonn feabhas leanúnach na cathrach agus a tiomantas don fhoghlaim ar feadh an tsaoil. Leanann Clár Foghlama na gComharsanachtaí de chuid COC de bheith ag tógáil cultúir den fhoghlaim ar feadh an tsaoil in áiteanna éagsúla ar fud na cathrach, lena n-áirítear Baile Féitheán, Cnoc na hAoine, Baile na mBocht agus An Tóchar.

Eagraíocht neamhbhrabúis is ea Tionscadal Béaloidis Chorcaí (CFP) a oibríonn i gcomhar le Roinn an Bhéaloidis, COC agus Fiontair Pobail an Tuaisicirt. Déanann an tionscadal taifeadadh digiteach ar scéalta agus cuimhní ó mhuintir Chorcaí. Sa bhliain 2018, bhí níos mó ná 900 u.a.c. de thaifeadtaí ar réimse ábhar ó shaoir chloiche agus faoin iomáint, athrú sóisialta, tionsclaíocht, babhláil bhóthair, agus an gnáthshaol san aimsir atá imithe agus i láthair na huaire. Aithnítear an tionscadal ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta de bharr ardchaighdeán an bhéaloidis atá bailithe agus scaipthe aige.

I mí Bealtaine na bliana 2018 bunaíodh comhpháirtíocht ocht mbliana le hÁras Ceoldrámaíochta Chorcaí, an chéad chomhpháirtíocht dá sórt in Éirinn. Beidh Áras Ceoldrámaíochta Chorcaí mar amharclann foghlama mar thoradh ar an gcomhpháirtíocht seo agus cuirfidh sé go mór le heispéireas na mac léinn in COC. Beidh intéirneachtaí sa chomhpháirtíocht do mhic léinn COC agus forbrófar MA in Ealaíona agus Bainistíocht Chultúrtha.

Clár is ea Leithinis Chorca Dhuibhne 2030 atá mar thionscnamh le mórchuid páirtithe lonnaithe ar leithinis Chorca Dhuibhne i gContae Chiarraí, a bhfuil daonra aici de 12,508. Bunaíodh é sa bhliain 2018 agus tá baint ag Mol Cruthaitheachta agus Nuálaíochta an Daingin, Gréasáin BSL, Ionad MaREI COC, agus Forbairt Oir-Thuaisceart agus Iarthar Chiarraí (NEWKD). Tá an grúpa ilghnéitheach ag obair

**CUSPÓIR A TRÍ**

Téigh i mbun agus Gníomhaigh





go gníomhach leis na pobalscoileanna áitiúla, gnólachtaí agus na hearnálacha feirmeoireachta chun féachaint ar na hathruithe sa tsochaí a theastaíonn chun an leibhéal carbóin a ísliú agus chun tacú leo agus iad a chumasú.

Anuas air sin, ghlac comhpháirtíocht idir Cleachtais Rialachais a Fheabhsú agus Institiúidí Ardoideachais na Pailistíne páirt i dtionscadal a dearadh chun na laigí sna córais rialachais in Institiúidí Ardoideachais (HEInna) sa Phailistín. Bhí seo faoi stiúir na hOifige um Rialachas agus Gnóthaí Acadúla de chuid COC. Tá sé mar aidhm ag an Tionscadal *UniGov* seo dea-chleachtais rialachais a sholáthar in HEInna Pailistíneacha, lena n-áirítear luachanna institiúideacha amhail féinriail, cuntasacht, rannpháirtíocht, soiléire mhisean agus chuspóirí na hinstitiúide, agus córais bhainistíochta dea-struchtúrtha a chinntíonn go gcuirfí i bhfeidhm na cleachtais seo. Tháinig riarthóirí ó chúig HEI éagsúla sa Phailistín ar cuairt staidéir go dtí COC i mí an Mheithimh 2019 agus bhuail siad le baill foirne ar fud na hOllscoile.

### Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú á gCur chun Cinn ag COC

Faomhadh Polasaí maidir le Féiniúlacht agus Léiriú Inscne in COC i mí Dheireadh Fómhair mar thaca le baill foirne agus mic léinn éagsúla. Thacaigh an tAonad EDI le dhá ghradam bhreise chré umha *Athena SWAN* sa bhliain 2018. Bhain An Scoil Eolaíochtaí Bia agus Cothaithe agus Roinn na gCóras Faisnéise Gnó na gradaim seo amach agus anois tá cúig ghradam roinne bronnta ar fad. Bhunaigh an tAonad EDI scéim um Scoláireacht Tearmainn d'iarrthóirí tearmainn agus do theifigh atá mar mhic léinn. Tháinig seachtar scoláirí tearmainn go dtí COC i mí Mheán Fómhair 2018 chun tabhairt faoi réimse fochéimeanna arna dtacú ag an Aonad EDI, *UCC PLUS+*, Oifig na Mac Léinn Lánfhásta agus An Oifig Iontrála. Ar na himeachtaí suntasacha bliantúla san ollscoil bhí Seachtain Chomhionannais 2019 agus Seachtain na dTeifeach 2019.

### Alumni agus Forbairt

Cuireadh go mór leis an infheistíocht sa bhliain 2018–19 in alumní agus forbairt in COC. Nuair a ceapadh Stiúrthóir Feidhmeach nua sa bhliain 2017–18 cuireadh tús le hathsctruchtúrú na roinne agus chuir an stiúrthóir tús le réimse nua de róil agus an toradh air seo ná gur cruthaíodh roinn nua a bhfuil sé mar aidhm aici cuspóirí straitéiseacha na hollscoile a sholáthar i dtaca le tiomsú airgid agus caidrimh alumni.

Cruthaiodh ceithre stiúrthóireacht fheidhmeacha don fheidhm athstruchtúraithe seo: Forbairt; Caidrimh Alumni agus Tabhartas Bliantúil; Cumarsáid; agus Seirbhísí Dul chun Cinn. Ceapadh triúr as cearthar stiúrthóirí nua sa bliain 2018–19, agus leanadh leis an bpróiseas chun Stiúrthóir Forbartha a cheapadh le linn 2019–20. Cuireadh acmhainní breise ar fáil chun róil nua na gceithre stiúrthóireacht seo a chomhlíonadh i réimsí éagsúla: róil tiomsaithe airgid do na coláistí; róil nua sna caidrimh alumni do chaibidlí idirnáisiúnta, teacht le chéile arís, na ceithre choláiste agus i dtabhartas bliantúil; agus foireann chumarsáide nua. Dá bharr seo, mhéadaigh baill foirne na roinne ó 12 go dtí 20 i rith na bliana.

Mar thoradh ar an maoiniú nua seo tháinig méadú suntasach ar ghníomhaíochtaí caidreamh agus cumarsáide le alumni mar aon le fócas nua ar an oifig a chruthú mar réimse feidhme nua, in COC agus a chuid alumnni agus le geallsealbhóirí eile. Ag an am céanna, thug an roinn faoi phróiseas foirmiúil um Dhearbhú Cáilíochta agus rinne sí í féin a athbhunú in oifigí nua. Rinneadh infheistíocht shuntasach sa bhliain seo chun ardán ar líne nua a choimisiúnú a dhéanfaidh an caidreamh seo le alumni a fheabhsú go mór mar sheirbhís a bheidh beo sa bhliain 2019–20.

Na feabhsuithe seo ar chlár alumni agus pleananna cumarsáide mar aon le himeachtaí tiomsaithe airgid ar nós taighde ar fhéidearthachtaí, léiríonn siad diongbháilteacht Alumni agus Forbairt COC a chuid spriocanna faoi Phlean Straitéiseach 2017–2022 a bhaint amach. Tá an oifig ag súil le bláthú sa bhliain 2019–2020 agus na hacmhainní nua agus na tionscadail nua shubstainteacha nasctha le chéile.


## CUSPÓIR A CEATHAIR

# Earcaigh agus Forbair

Baill foirne ar ardchaighdeán a mhealladh, a fhorbairt agus a choimeád agus tacú leo d'fhonn éagsúlacht ina measc a chinntiú agus atá in ann a lánacmhainneacht a bhaint amach.

CUSPÓIR A CEATHAIR

# Earcaigh agus Forbair





Fostaíonn COC thart ar 3,000 ball foirne thar raon grúpaí feidhme: acadúil, taighde, teagasc, bainistíocht, riarachán, teicniúil agus seirbhísí. Meallann an ollscoil baill foirne ó gach cearn den domhan agus tá baill foirne againn ó 50 tír.

## Príomh-Cheapacháin 2018/19

### Ceapadh an tOllamh Mark Poustie mar Dhéan ar Scoil an Dlí

Scoláire dlí phoiblí is ea Mark a dhíríonn go príomha ar dhlí an chomhshaoil agus an dlí pleanála um úsáid talún, agus ceisteanna faoi chearta daonna a bhaineann leis na dlíthe céanna.

Bhí Mark ina theangeolaí do Rialtas na Breataine sular cháiligh sé mar dhlíodóir in Albain sa bhliain 1993. D'oibrigh sé in Ollscoil Strathclyde i nGlaschú na hAlban ó 1992 go dtí 2016, é mar Lán-Ollamh ón mbliain 2003, é mar Cheann Scoile idir na blianta 2007-2013, é mar Leas-Déan (Idirnáisiúnú) ar Dhámh na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí sóisialta idir 2013–2015. Idir na blianta 2016–2019, d'oibrigh Mark ar bhonn lánaimseartha i Scoil an Dlí Arigeadais agus Eacnamaíochta in Ollscoi Shanghai sa tSín faoi Chlár na Mílte Buanna, Shanghai.

Ar na ceapacháin mhóra eile tá na hOllúna Leka, Tarim agus Lawton i Scoil Ghnó Ollscoil Chorcaí, agus an tOllamh McEntee i Scoil an Leighis.

## Ag Tacú leis an bhFoireann

Ábhar mórtais do COC a thiomantas do thacaíocht a thabhairt do bhaill foirne, rud atá soiléir ón réimse leathan de dheiseanna forbartha atá ar fáil do chách. Le linn na bliana acadúla, d'éascaigh Folláine agus Forbairt na Foirne de chuid na nAcmhainní Daonnna 2,072 áit oiiúna do bhaill foirne COC, méadú de 43% ar líon na bliana roimhe sin. Tá tábhacht ar leith inár straitéis forbartha ná cumas na foirne a fheabhsú, fás agus forbairt aonair a spreagadh, agus timpeallacht ionchuimsitheach a chruthú a dhéanann comhionannas, ionchuimsiú agus éagsúlacht a chur chun cinn ar bhonn gníomhach. Is féidir é seo go léir a dhéanamh mar thoradh ar na nithe seo leanas: díriú ar chláir forbartha ceannaireachta; gníomhaíochtaí chun feabhas a chur ar ár gcultúr; ár gcuid oibre chun forbairt leanúnach a dhéanamh ar chláir oiliúna agus chun iad a chur i bhfeidhm; agus tacaíochtaí forbartha aonair lena n-áirítear scéimeanna piarchóitseála agus meantóireachta.

Fuair ár dtiomantas d'fholláine na foirne aitheantas náisiúnta i mbliana, mar go raibh COC ar an gcéad ollscoil ar bronnadh *Ibec KeepWell Standard* uirthi ag Dámhachtainí *Ibec Keep Well* a reáchtáladh den chéad uair riamh. Ainmníodh COC i roinnt catagóirí agus fuair an áit is fearr sa rang maidir le gníomhaíocht fhisiciúil.



CUSPÓIR A CEATHAIR

# Earcaigh agus Forbair








## Forbairt Cheannaireachta

Ceann de phríomhghníomhaíochtaí Phlean Straitéiseach COC (2017–2022) is ea 'forbairt cheannaireachta a láidriú trí lánúsáid a bhaint as rannpháirtíocht i sainchlár forbartha ceannaireachta ar fud na hollscoile'. Chuige seo ní mór an sprioc a bhiant amach go bhfuil ar chumas gach ball foirne in COC 'a lánacmhainneacht a chomhlíonadh'.

Príomhchuspóir is ea 90% de bhaill foirne a chumasú i róil cheannaireachta chun tabhairt faoi oiliúint i bhforbairt cheannaireachta. Seo samplaí de dheiseanna oiliúna atá ar fáil:

- Forbairt Cheannaireachta Sinsearaí: Ceannairí Tnúthánacha
- Forbairt Cheannaireachta Sinsearaí: Ceannairí Reatha
- *Aurora* (106 ball foirne de chuid COC a bhuil an clár seo déanta acu – an líon is mó rannpháirtithe ó aon institiúid Éireannach (Aibreán 2019)
- Cúsa Tosaigh sa Bhainistíocht
- Ceannaire Foirne Rathúil (Suaitheantas Digiteach)
- Ionduchtú HR do Chinn Nua
- Machnamh Criticiúil le haghaidh Cinntí Éifeachtacha
- Réiteach Fabhanna Nuálach agus Seisiún Iarphlé
- Feasacht Mheabhairshláinte do Bhainisteoirí
- Bainistíocht Struis do Bhainisteoirí

Tógadh na chéad chéimeanna sa bhliain acadúil seo chun cultúr cóitseála a chruthú in COC mar chabhair don ollscoil ábaltacht agus cumas na foirne a fhorbairt. Is iad na gnéithe praiticiúla den fhís seo:

- Cláir mheantóireachta do bhaill foirne nuacheaptha
- Meantóireacht Forbartha Gairme (an fhoireann go léir)
- Clár Meantóireachta *Aurora*
- Clár Meantóireachta IUA (do Chinn nua)
- Clár Meantóireachta Gréasáin 30% IMI

Anuas air sin, le tacaíocht ó Roinn na nAcmhainní Daonna, mhol Coláiste an Leighis agus na Sláinte grúpa tras-ollscoile um fhoghlaim ghníomhaíochta do bhainisteoirí scoile mar fhóram féinfhorbartha. An cuspóir a bhí ag an ngrúpa seo ná spás foghlama agus machnaimh a sholáthar do gach duine chun oibriú trí dhúshláin agus deiseanna a bhí le teacht. Beidh an grúpa bunaithe ar réitigh a fháil agus oibreofar i gcomhar ar bhonn cruthaitheach agus difriúil. Ní hamháin go ndéanfaidh a leithéid d'obair baill foirne a fhorbairt mar bhainisteoirí ach feabhsóidh sé obair na n-aonad go léir mar go gcruthaítear i gcomhar sa ghrúpa cur chuige nua agus cruthaitheach. Rachaidh seo chun sochair phobal go léir COC dá thoradh.

## Próiseas Athbhreithnithe um Fheidhmiú agus Forbairt

Cuireadh tús sa bhliain 2018–2019 le *e-performance*, ardán leictreonach na hollscoile dá phróiseas Athbhreithnithe um Fheidhmiú agus Forbairt (PDRS), rud a chuir feabhas ar thacaíocht na hollscoile le plé dírithe ar fhiedhmiú agus forbairt ag leibhéal na Scoile/an Aonaid. Tá *e-performance* tar éis éilimh riaracháin an phróisis a laghdú ar bhonn suntasasch agus na socruithe praiticiúla a dhéanamh chomh maith le tuairiscí agus páipéarachas an PDRS féin a thaifeadadh. Gné eile a gcuirtear fáilte roimpi ná an áis pheaarsanta do bhaill foirne aonair a gcuid ábhar CPD a thaifeadadh agus a stóráil, rud a thacaíonn le creidiúnú, agus le gníomhaíocht forbartha pearsanta agus gairmiúla.

## Athbhreithniú ar na Scéimeanna um Ardú Céime Acadúil

Sa bhliain acadúil seo, cuireadh críoch ar an Athbhreithniú ar na Scéimeanna um Ardú Céime Acadúil nuair a seoladh an chéad bhabhta den ardú céime mar Léachtóir Sinsearach faoin scéim athbhreithnithe. Deartar Scéimeanna um Ardú Céime de chuid COC chun aitheantas agus cúiteamh a thabhairt d'obair iontach na foirne acadúla sa raon leathan de ghníomhaíocht acadúil – teagasc agus foghlaim, taighde, gníomhaíocht acadúil agus scolártha, chomh maith leis an méid a cuirtear leis an ollscoil, leis an gcoláiste agus le haonaid acadúla aonair.

**CUSPÓIR A CEATHAIR**

# Earcaigh agus Forbair








Tacaíonn an cur chuige seo le fís na hollscoile a chomhlíonadh mar gheall ar iarrachtaí acadúla uile, chomh maith le cuspóirí áirithe de phlean straitéiseach na hollscoile. Tá COC tiomanta do thacú le baill foirne den scoth a bhfuil oideachas agus taighde ceannródaíoch ar bun acu. Déantar iarracht leis na scéimeanna seo baill foirne a chur chun cinn, a spreagadh agus a chúiteamh nuair a léiríonn siad ceannaireacht agus nuálaíocht iontach ina réimse saineolais, agus nuair a thacaíonn agus a fheabhsaíonn siad eispéireas oideachais na mac léinn fad is atá comhpháirtíochtaí á mbunú acu ar bhonn áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Ba léir an t-ardchaighdeán acadúil sna hiarratais don bhabhta seo agus tugadh ardú céime mar Léachtóir Sinsearach do líon suntasach. Agus an cur chuige seo in úsáid don athbhreithniú, thóg an coiste ceann de phríomhaidhm Chuspóir a Ceathair de Phlean Straitéiseach 2017–2022 de chuid COC.

### Scéim Coinneála Acadóirí

Rinneadh athbhreithniú ar Scéim Coinneála Acadóirí chomh maith le linn na bliana acadúla seo. Tá an próiseas deartha le cur ar chumas na hollscoile baill foirne thábhachtacha a choinneáil a bhfuil tairiscintí ar phoist ardleibhéil faighte acu ó institiúidí ar aon dul le COC ar nós ollúnachtaí nó a bhfuil deontas taighde bronnta orthu ón ERC, ach plé a dhéanamh an bhféadfaí ceapachán a thabhairt dóibh san ollscoil a bheadh oiriúnach dá seasamh agus dá ngaiscí acadúla.

### Gradam HR um Fheabhas sa Taighde

Agus athbhreithniú déanta agus triúr measúnóirí seachtracha de chuid an Choimisiúin Eorpaigh, dearbhaíodh COC mar an gcéad ollscoil in Éirinn ar éirigh léi Gradam HR um Fheabhas sa Taighde a athnuachan agus moladh don ollscoil '*to continue with this excellent work for the future*'. Léiríonn seo an comhoibriú rathúil idir na hAcmhainní Daonna agus RSS COC.

Díríodh sa tuairisc mheasúnaithe ar cháilíocht an tiomantais atá ag COC do Ghradam HR um Fheabhas sa Taighde. Leagadh béim inti ar cháilíocht na hoibre atá ar bun ag COC, lena n-áirítear ról an phobail taighde, RSS COC agus, níos tábhachtaí fós, an tslí inar cuireadh Straitéis Acmhainne Daonna do Thaighdeoirí (HRS4R) ar bun mar bhunghné de Thaighde agus Nuálaíocht na hollscoile, HR agus staitéisí Institiúideacha. Mar a luadh sa tuairisc, Aithnítear go bhfuil COC '*quite ambitious and they clearly show the commitment of the university to remain strongly research-oriented*'.

Leis an ngradam seo, agus le cur i bhfeidhm a straitéise mar bhonn, ba cheart a thabhairt faoi deara go ndeachaigh sé chun tairbhe COC go bhfuil sé níos sofheicthe mar fhostóir atá tughta do phrionsabail Chairt agus Chód na hEorpa a chur i bhfeidhm. Cabhraíonn an t-aitheantas seo dúinn na taighdeoirí is fearr ó gach cearn den domhan a mhealladh agus léiríonn sé COC mar áit mhealltach do thaighdeoirí chun a ngairmeacha a fhorbairt.

## CUSPÓIR A CÚIG


# Maoinigh agus Tóg

Cur lenár mbonneagar agus lenár mbonn acmhainní.

**CUSPÓIR A CÚIG**

# Maoinigh agus Tóg







## Forbairtí Caipitiúla

Lean clár caipitiúil na hollscoile le linn 2018/19 agus rinneadh dul chun cinn suntasach i dtaca le tionscadail ghníomhacha áirithe. Maoinítear an clár caipitiúil trí áis Bhanc Infheistíochta na hEorpa a thacaíonn leis an gclár €240m seo.

## Mol na Mac Léinn

Baineann an tionscadal seo le hathchóiriú a dhéanamh ar cheann de na foirgnimh is sine ar an gcampas (Áras Windle) agus síneadh a chur leis chun forbairt chomhtháite a dhéanamh mar Mhol. Tógtar le chéile ann seirbhísí do mhic léinn a bhíodh scaipthe ar fud na háite, chun áis chomhtháite a sholáthar mar thaca le turas na mac léinn in COC agus ina dhiaidh sin. Tá dhá spás foghlama nuálacha ann freisin, ionad réitigh na mac léinn (Lárionad na Mac Léinn), spásanna do chumainn na mac léinn agus réimse de spásanna um staidéar grúpa. I lár an fhoirgnimh tá aitriam, a úsáidfear le haghaidh imeachtaí na mac léinn, léirithe, imeachtaí fostóirí, srl. Bhí O'Donnell +Tuomey ailtirí Éireannacha i gceannas ar an bhfoireann deartha. Fuarthas faomhadh pleanála ar 25 Meitheamh 2016. Tugadh faoi chonradh chumasaithe oibreacha le linn shamhradh 2016 agus cuireadh tús leis an bpríomhchonradh foirgníochta i mí Lúnasa 2017. Cuirfear críoch ar an tógáil go déanach sa bhliain 2019 agus beidh an áis in úsáid go luath sa bhliain 2020.

## Scoil agus Ospidéal Fiaclóireachta na hOllscoile Corcaigh

Tá sé beartaithe ag an ollscoil Scoil Foclóireachta nua a fhorbairt ar an suíomh do Pháirc Chorcaí um Eolaíocht agus Nuálaíocht sa Churraichín. Tá an Scoil Fiaclóireachta lonnaithe faoi láthair ar shuíomh Ospidéal na hOllscoile Corcaigh. Tá an tionscadal seo mar phríomhchuid de thionscadail arna maoiniú ón EIB. Ceapadh foireann deartha faoi stiúir Reddy Architecture + Urbanism i mí Iúil na bliana 2018. Tar éis réamhstaidéar agus taighde idirnáisiúnta, cuireadh an t-iarratas pleanála isteach i mí Bealtaine 2019 agus tugadh cead pleanála ar 29 Lúnasa 2019. Beidh 8,710m$^2$ san fhoirgneamh nua cúig urlár mar a mbeidh clinicí ortódóntaice, seomraí ionsamhlaithe, saotharlanna agus spás taighde. Tá áis CSSD/CDU curtha isteach mar chuid den dearadh.

## Áras Mhol Nuálaíochta Sláinte Éireann

Imríonn COC ról lárnach san fhorbairt atá molta do Pháirc Chorcaí um Eolaíocht agus Nuálaíocht (CSAIP) sa Churraichín. Tapaíonn CSAIP deis don réigiún fostaíocht eolasbhunaithe a fhás ach taighde a chur in iúl mar aon le gnólachtai nua-thionscanta ardacmhainne, áiseanna atá ag fás suas go dtí déantúsaíocht ar ardchaighdeán. Agus Creat-Mháistirphlean forbartha don Pháirc go léir, d'eagraigh COC Máistirphlean Ceantair dár gcuid tailte i gCeantar 2. Is é an chéad fhoirgneam atáthar á mholadh don Pháirc ná Áras Mhol Nuálaíochta Sláinte Éireann. Mar thoradh ar an tionscadal seo, beidh foirgneamh ann ar ardchaighdeán le croí-áisteanna agus spás do chomhlachtaí atá ag fás ó bheith sna gorlanna in COC agus in CIT. Tugadh cead iomlán pleanála ar 4 Márta 2016. Tuagadh cead pleanála d'iarrratas athbhreithnithe i mí an Mheithimh 2018. Cruthófar líon suntasach post leis an tionscadal seo mar aon le forbairt eacnamíochta faoi réir ag an nGréasán Náisiúnta Pleanála. Cuireadh dearadh mionsonraithe ar aghaidh sa bhliain 2017 agus lorgaíodh tairiscintí go déanach sa bhliain 2018.

## Scoil Ghnó Ollscoil Chorcaí (CUBS)


Nuair a d'éirigh leis an ollscoil seansuíomh *Cork Savings Bank* a cheannach, rinneadh athfhorbairt air agus tá na pleananna le haghaidh áras CUBS nua sa chathair faoi lánseol. San fhorbairt nua seo beidh na ranna acadúla gnó mar aon le háis chomhtháite do ghníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta ag leibhéal na fo- agus na hiarchéime. Cuireadh críoch ar anailís costais is tairbhe le haghaidh an tionscadail agus ceannaíodh suíomh 1,46 acra chuige ar Ché na hAontachta i gcroílár an cheantair gnó. D'éirigh le COC sa bhliain 2019 tacaíocht a fháil i leith chostas iomlán an tionscadail faoi Mhaoiniú Infheistíochta Straitéisí an ÚAO (HESIF).

**CUSPÓIR A CÚIG**

# Maoinigh agus Tóg







## Iostas na Mac Léinn

Tá sé mar chuspóir ag an ollscoil lóistín dírithe ar riachtanais na mac léinn a thógáil cóngarach don champas. Tá sé riachtanach go mbeidh dóthain lóistín ar fáil a bhfuil gá ag fochéimithe leis mar aon le buíon na mac léinn idirnáisiúnta a bhíonn de shíor ag fás. Táimid sa tóir i gcónaí ar dheiseanna forbarhta/ceannaithe cuí. Cheannaigh COC suíomh Nead an Phréacháin sa bhliain 2017 agus ceapadh foireann deartha (faoi stiúir McCullough Mulvin Architects) chun tabhairt faoin bhforbairt seo. Samhain na bliana 2017 cuireadh iarratas phleanála faoi bhráid an Bhoird Pleanála faoin Acht um Fhorbairt Tithíochta Straitéisí le haghaidh láthair 255 leaba ina mbeadh saoráid leighis nua do mhic léinn. Gnóthaíodh an cead pleanála i mí an Mhárta 2018. Fuarthas tairiscintí tógála agus táthar ag súil go dtosófar leis an bhfoirgníocht go déanach sa bhliain 2019. Tá an tsaoráid le bheith oscailte faoi mhí Mheán Fómhair 2021. Fáiltíonn COC roimh sholáthraithe lóistín mhic léinn idirnáisiúnta a bhfuil forbairtí nua curtha i gcrích acu agus a bhfuil sé i gceist acu a thuilleadh de na forbairtí seo a dhéanamh lámh leis an ollscoil (de shiúl na gcos, ar rothar nó ar an mbus). Tá suas le 2,000 leaba le linn an phróisis pleanála agus cuirfidh siad seo go mór leis na roghanna lóistín a bheidh ar fáil dár gcuid mac léinn.



## Institiúid Náisiúnta Tyndall

Tá roinnt tionscadal faoi lánseol in Tyndall. Ceapadh foireann deartha faoi stiúir Scott Tallon Walker chun athfhorbairt a dhéanamh ar Chéim 3 den tógáil. Fuarthas cead pleanála agus cuireadh tús leis na hoibreacha foirgníochta i mí Lúnasa 2019. Tá an tionscadal seo le bheith críochnaithe faoi lár 2020.

Tá pleananna ag dul ar aghaidh chomh maith maidir le mórfhorbairt nua ar an Meal Thuaidh díreach trasna ó chainéal thuaidh na Laoi ar shuíomh na Grúdlainne atá ann anois. Ceapadh foireann deartha faoi stiúir Scott Tallon Walker chun foirgneamh as an ngáth a chruthú faoi réir ag máistirphlean don suíomh arna fhorbairt i gcomhar leis na comhúinéirí Ospidéal Ollscoile na Trócaire. Tá an tionscadal mar chuid lárnach de Thionscadal Éireann 2040 (Gréasán Pleanála Náisiúnta) agus den Phlean Forbartha Náisiúnta (2018–2027).

## Áras Kane

Mórthosaíocht don ollscoil is ea athchóiriú ar Áras Kane a tógadh sa bhliain 1970. Ceapadh foireann deartha chun máistirphlean iomlán agus straitéis chéimnithe an tionscadail a forbairt. Táthar ag súil go maoineofar an tionscadal seo le tacaíocht ón stát agus le daonchairdeas. Cuireadh tús leis an réamhobair i samhradh na bliana 2019. Tá oibreacha le tosú sara fada ar shaotharlann creathaidh ultrai-íseal ardteicniúil mar thaca le hobair taighde an Ollaimh Seamus Davis. Beidh an tsaotharlann lonnaithe in íoslach Áras Kane.

## CUSPÓIR A CÚIG

# Maoinigh agus Tóg







### Spóirt COC

Tá infheistíocht shuntasach beartaithe ag an ollscoil dá háiseanna spóirt faoin aer. Tá sé molta go bhforbrófar Ionad nua um Fheabhas Spóirt ar ár gcuid tailte ar Bhóthar an Churraichín (cóngarach do Chumann Talmhaíochta na Mumhan). Beidh páirceanna uile-aimsire agus féir mar chuid den tionscadal seo mar aon le pailliún nua-aimseartha mar a mbeidh seomraí feistis, seomraí tae, áiseanna lónadóireachta srl. Tá straitéis spóirt iomlán ullmhaithe a bheidh mar eolas do na forbairtí ar an Mairdíog agus ar an suíomh nua sa Churraichín. Agus an tionscadal seo curtha i gcrích beidh COC in ann na háiseanna spóirt ar an bhFeirm a fhágaint, rud a chiallaíonn go mbeifear in ann Páirc Chorcaí um Eolaíocht agus Nuálaíocht (CSAIP) a fhorbairt ar bhonn ceimnithe.

### Scoil Leighis Chlinciúil in Ospidéal na hOllscoile Corcaigh

Tá Scoil Leighis Chliniciúil nua beartaithe le haghaidh champas an CUH i gcomhar leis an FSS. Cheap COC/FSS foireann deartha faoi stiúir Avanti Architects chun dearadh na saoráide seo a chur chun cinn agus é beartaithe go meidh sí cóngarach don phríomhbhealach isteach go dtí an t-ospidéal. Cuirfidh sé tacaíocht agus áiseanna teagaisc tábhachtacha ar fáil do na mic léinn leighis atá bunaithe san ospidéal. Beidh áis de chuid an FSS san fhoirgneamh chomh maith ag díriú ar ghairmithe sláinte comhaontaithe eile. Cuirfear críoch ar an staidéar indéantachta go luath sa bhliain 2020 agus táthar ag súil go ndéanfar iarratas ar chead pleanála i bhFómhar na bliana 2020.

### Tionscadail Eile

Tá pleananna eile ag COC le haghaidh mórfhorbairtí caipitiúla eile lena n-áirítear Mol Cruthaitheach do Choláiste na nEalaíon, an Léinn Cheiltigh agus na nEolaíochtaí Sóisialta.

Tá sé beartaithe athchóiriú a dhéanamh ar Sheantábhairne an Choláiste chun Ceantar Ciúin nua a chruthú a dhéanfaidh freastal ar riachtanais na mac léinn ar speictream an uathachais, nó ar mhaithe le mac léinn ar bith a bhfuil spás ciúin á lorg acu mar thearmann ó thimpeallacht ghnóthach an champais. Faomadh maoiniú le haghaidh an tionscadil seo ag an bhFóram um Muirir agus Táillí na Mac Léinn i mí Bealtaine 2018.

Le linn shamhradh 2019, tugadh faoi athchóiriú a dhéanamh ar thrí bhloc de na cúig cinn atá ar Mhuilte Victoria. Tá na pleannana nach mór críochnaithe chun amhlaidh a dhéanamh ar an dá bhloc eile le linn shamhradh 2020.

Ag obair i gcomhar le Comhairle Cathrach Chorcaí, thóg COC seilbh ar 5 Plás Grenville mar a mbíodh cónaí ar George Boole agus é ina Ollamh le Matamaitic ag Coláiste na Banríona Corcaigh. Ceapadh foireann deartha ina chomhair i mí na Nollag 2018.

Cuimsítear i gclár an EIB clár fadtéarmach bliantúil chun dul i ngleic leis an moill ar chothabháil na seanfhoirgneamh in eastát na hollscoile. Cuireadh tús le cuid de na tionscadail athchóirithe/bonneagair sa bhliain 2018/2019. Ina theannta sin, d'éirigh linn tacaíocht a fháil ó roinnt tionscadal feabhsaithe fuinnimh trí scéim de chuid an SEAI dar teideal Áiteanna Oibre le Fuinneamh Níos Fearr. Chomhlíon an ollscoil a sprioc de laghdú de 33% ar an méid fuinnimh a úsáidtear san earnáil phoiblí dhá bhliain luath agus í ar ráta de 43% anois.

Tógadh staighrí nua ar an taobh thoir d'Áras na hInnealtóireachta Sibhialta agus ar an taobh thuaidh d'Áras na Tíreolaíochta le linn shamhradh 2019.

Tá na hoibreacha maolaithe tuilte ag freagairt do phróiseas CFRAMS na Laoi ar siúl in áiteanna íogaire den champas i gcomhar lenár n-árachóirí.

Cuid riachtanach dár gclár caipitiúil is ea an tacaíocht a fhaighimid ó Fhondúireacht Ollscoil Chorcaí do phlean forbartha fisiciúla na hollscoile. Ní mór na tailte atá ag COC i gcomparáid le hollscoileanna eile in Éirinn. Cuireann seo brú nach beag orainn agus sinn ag iarraidh freastal ar riachtanais forbartha na hollscoile san am atá le teacht. Tá COC ag súil le mórinfheistíocht ón stát mar thaca le bonneagar na hollscoile ó Thionscadal Éireann 2040 agus ón bPhlean Forbartha Náisiúnta (2018–2027). Leanann COC de bheith ag obair leis an ÚAO agus leis na húdaráis áitiúla d'fhonn deimhin a dhéanamh de gur féidir leis an ollscoil éileamh na todhchaí a chomhlíonadh ar bhonn inbhuanaitheach.

**CUSPÓIR A CÚIG**

Maoinigh agus Tóg






# Tuairisc ar na Ráitis Airgidis – An bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2019

## Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

Mhéadaigh ioncam iomlán na bliana le €15.3m go dtí €432.9m. Chruthaigh seo Tuilleamh Roimh Ús, Cáin, Dímheas agus Amúchadh (EBITDA) de €11.2m, laghdú de €2.7m i gcomparáid leis an mbliain 2018. Tar éis EBITDA, easnamh de €5.6m a bhí i dtáirgeacht ghlan na bliana.

Leanann sruthanna ioncaim ón Státchiste de bheith ag dul i laghad mar sciar den iomlán ach tháinig méadú ar dheontais Stáit go dtí 13.3% den ioncam iomlán. Táthar ag súil go leanfaidh an treocht seo ar aghaidh agus easpa cinnteachta ann mar gheall ar shamhail mhaoinithe na hearnála sa todhchaí.

Mar chúiteamh air seo, leanann an Ollscoil leis na foinsí ioncaim nach dtagann ón státchiste a éagsúlú agus a fhás. Leanann an Ollscoil de bheith ag díriú ar an staid seo a fheabhsú chun deimhin a dhéanamh de go gcruthaíonn sí dóthain acmhainní don fhadtéarma.

## Ioncam

Mhéadaigh táillí na mac léinn sa bhliain 2018/19 de bharr an fháis leanúnaigh i líon na mac léinn ag freastal ar an Ollscoil agus an mhéadaithe dá thoradh ar mhéid na dtáillí a fuarthas.

As €147.3m i dtáillí acadúla, dhíol an tÚdarás um Ard-Oideachas €45.4m thar ceann mhic léinn fochéime an AE, bhí an méid seo faoi réir ag ranníocaíocht an ÚAO an bhliain roimhe. Chruthaigh an Ollscoil an €101.9m atá fágtha ó líon ní b'airde de mhic léinn idirnaisiúnta ag leibhéal na fo- agus na hiarchéime. Aistríodh €0.8m breise d'ioncam nár tháinig ón státchiste isteach go dtí an cuntas um Shrianadh Pinsin mar ranníocaíocht COC don bhliain 2018/19, rud a léiríonn an comhaontú maidir le Blianta Breise Pinsin ó mhí Dheireadh Fómhair 2016.

Bhí na táillí féinchruthaithe seo €4.8m/5% níos airde ná táirgeacht na bliana roimhe, rud a léiríonn tosaíocht leanúnach na hOllscoile a cuid acmhainní féin a chruthú d'fhonn inbhuanaitheacht airgeadais a chinntiú.

Cuireadh €99m le hioncam na bliana de bharr ghníomhaíochtaí taighde, méadú de €4.2m i gcomparáid le 2017/18.

Seasann ioncam oibríochta eile ag €60.7m lena n-áirítear bliain iomlán d'ioncam IMI de €16.5m agus na fochuideachtaí fágtha ag cruthú láimhdeachais de €15.3m.

## Caiteachas

Ba iad athbhunú pá, méaduithe pá, méaduithe earcaíochta agus deireadh leis na reonna incriminte ba chúis leis an méadú ar Chostais Pá sa bhliain 2018/19, don fhoireann mhaoinithe agus neamh-mhaoinithe araon. Tháinig méadú de 7.5% ar chostais pá mar thoradh orthu seo.


Ar na costais pinsin tá muirear de €0.8m a bhaineann le hairgead a fuarthas ón ÚAO chun na cuntais um shrianadh pinsin a mhaoiniú. Ar ioncam oibríochta eile tá creidmheas den mhéid céanna.

€7.7m is ea na coistais oibríochta eile atá 8.4% níos airde ná an bhliain roimhe. Tháinig seo den chuid is mó ó mhéaduithe ar ghníomhaíocht taighde agus méadú ar ioncam taighde dá mbarr. Tosca eile bhain siad le cothabháil riachtanach ar an gcampas agus boilsciú de chostas oibríochta.

CUSPÓIR A CÚIG

# Maoinigh agus Tóg







### Caiteachas Caipitiúil Leanúnach

Príomh-bhuaicpointe na bliana 2018/19 ó thaobh cúrsaí airgeadais de ab ea an íostarraingt an tríú sciar den mhoainiú ó EIB, €50m, rud a thug an méid iomlán a tarraingíodh ag deireadh na bliana go dtí €100m. Chuir an maoiniú seo ar chumas na hOllscoile méadú agus feabhsú suntasach a dhéanamh ar a bonneagar agus a heastát.

Tabhaíodh caiteachas caipitiúil suntasach le linn na bliana. Baineann an dá mhórmhír chaiteachais le suíomh mór a cheannach i lár Chathair Chorcaí mar a bhforbrófar Scoil Ghnó Ollscoil Chorcaí agus an caiteachas ar Mhol na Mac Léinn atá curtha i gcrích agus faoi lánseol.

## Ráiteas ar an Staid Airgeadais

### Sócmhainní Seasta

Tá an méadú ar Thalamh agus Foirgnimh le linn 2018/19 le feiceáil go príomha i gceannach Cheathrú na Tríonóide i gCathair Chorcaí, mar a lonnófar an foirgneamh nua do Scoil Ghnó Ollscoil Chorcaí. Tharla caiteachas nach beag sa bhliain 2019 ar thionscadal tógála Mhol na Mac Léinn agus ar thionscadal lóistín Nead an Phréacháin.

An costas ar threalamh, a bhain den chuid ba mhó le taighde, a caiptlíodh le linn 2018/19 sheas sé ag €5.7m. Bhí €4.8m de dhiúscairtí an bhliain seo a bhain le trealamh luachlaghdaithe agus seanfhaiseanta. Ba é €23.6m muirear luachlaghdaithe na bliana.

### Infheistíochtaí

Baineann na hinfheistíochtaí le hinfheistíochtaí i seilbh Chiste Iontaobhais Choláiste na hOllscoile Corcaigh faoi mar a bhí ar 30 Meán Fómhair 2019. Soláthraíonn an ciste foinse luachmhar ioncaim do dhuaiseanna agus scoláireachtaí i raon leathan clár. Tháinig méadú de €6.4m ar luach an chiste le 5 bliana anuas.

### Féichiúnaithe

Bliain in aghaidh bliana tá méadú de €10.8m tagtha ar fhéichiúnaithe. In ainneoin an mhéadaithe ar ioncam táillí, tá fiacha a bhaineann le táillí na mac léinn statch i gcónaí de dheasca an chaidrimh leanúnaigh ó Aontas na Mac Léinn mar thaca le táillí na mac léinn a bhailiú.

Tá iarmhéid infhála na ndeontas agus na gconarthaí taighde níos airde le €6.5m ná iarmhéid na bliana roimhe mar thoradh go príomha ar mhéadú ar an ioncam taighde agus seach-churtha ag méadú cosúil ar an ioncam taighde a fuarthas roimh ré.

Ar na féichiúnaithe eile, tá méid dlite sa bhliain 2019 de €7.5m ón ÚAO i leith Cuntas um Shriana Pinsin (€2.2m sa bhliain 2018).

### Infheistíochtaí Sócmhainne Reatha agus Airgead sa Bhanc

Seasann airgead sa bhanc agus infheistíochtaí gearrthéarmacha ag €30.2m. Méadú de €3.5m ar 2018. Is iad na príomhchúiseanna leis seo ná íostárraingt an tríú sciar d'iasachtai ón EIB, maoiniú taighde a fuarthas roimh ré agus uainiú an chaiteachais ghaolmhair.

**CUSPÓIR A CÚIG**

# Maoinigh agus Tóg





## Méideanna Creidiúnaithe atá Dlite laistigh de Bhliain amháin

Ó €298.8m go dtí €213.9m a mhéadaigh méideanna creidiúnaithe atá dlithe laistigh de bhliain amháin. An phríomhchúis leis an méadú seo ná gur tháinig méadú de €14.8m ar dheontais agus conarthaí taighde roimh ré, rud a léiríonn an méadú ar ghníomhaíocht taighde ar tagraíodh di ní ba thúisce. Braitheann an méadú ar dheontais agus conarthaí taighde roimh ré agus táillí a fhaightear roimh ré go mór ar uainiú na bhfáltas agus an chaithimh ghaolmhair.

Tháinig méadú le linn na bliana ó €6.7, go dtí €10.4m ar chreidiúnaithe trádála.

Tháinig laghdú de €13.5m ar iasachtaí bainc gearrthéarmacha de bharr luathfhuascailtí iasachtaí áirithe.

## Méideanna Creidiúnaithe atá Dlite tar éis níos mó ná Bliain amháin

Tháinig méadú de €41.9m ar an iarmhéid seo ón mbliain seo caite. Tharla seo go príomha de bharr go ndearnadh íostarraingt ar an tríú sciar d'áis iasachta EIB de chuid na hOllscoile arna sheach-chur ag athíocaíochtaí ar iasachtaí atá ann cheana.

Leagtar amach i Nóta 23 sonraí uile na n-iasachtaí bainc agus na n-iarmhéideanna ar 30 Meán Fómhair 2019.

## Cúlchistí Srianta agus Neamhshrianta

Seasann na cúlchistí srianta agus neamhshrianta ar 30 Meán Fómhair 2019 ag €233.6m, sin €5.6m níos ísle ná 2018 de dheascadh an easnaimh a tabhaíodh sa bhliain.

## Achoimre agus Ionchas

Bliain rathúil eile don Ollscoil ab ea 2018/19. Lean líon na mic léinn ag leibhéal na fo- agus na hiarchéime ag fás, in ainneoin na ndeacrachtaí maoinithe náisiúnta. Lean an t-éagsúlú agus an fás san ioncam taighde, go háirithe sna réimsí maoinithe ag an SFI, rud a chuir ní ba mhó le cáilíocht ghinearálta an teagaisc a cuireadh ar mhic léinn.

Lean an Ollscoil leis an gcomhtháthú rathúil idir an IMI agus gníomhaíochtaí gnó na hOllscoile tar éis di é a cheannach sa bhliain 2016, le dul chun cinn airgeadais an IMI ag cur le dul chun cinn an Ghrúpa trí chéile i gcónaí.

Cúis díomá, ceithre bliana i ndiaidh don Sainghrúpa ar Mhaoiniú Ardoideachas (Tuairisc Cassells) a fhoisliú níl leagtha amach ag an rialtas fós a phleananna mar gheall ar shamhail mhaoinithe an Ardoideachais in Éirinn. Tá an easpa gníomhaíochta seo mar bhagairt d'inbhuanaitheacht fhadtéarmach na hearnála.

Cosúil leis sin, ábhar imní is ea an titim sa tacaíocht chaipitiúil mar a leagadh amach anuraidh. Glacann an tsamhail mhaoinithe leanúnach chuici féin tacaíocht leanúnach ón státchiste i leith riachtanas athchóirithe, cothabhála, agus cumais bonneagair leanúnaigh. In éagmais deontas caipitiúil beidh bac mór ann d'fhonn freastal ar an éileamh déimeagrafach mar ní chlúdóidh leibhéal an mhaoinithe athfhilltigh a sholáthraítear do mhic léinn na hiasachtaí mar mhaoiniú ar infheistíocht bhonneagair riachtanach.

Tá sé an-phráinneach mar sin go leagfaidh rialtas na hÉireann amach an tsamhail mhaoinithe atá beartaithe aige don todhchaí don earnáil tríú leibhéal d'fhonn go mbeidh COC in ann a ról a imirt maidir le tacú le forbairt eacnamaíoch, chultúrtha agus shóisialta an réigiúin agus shochaí na hÉireann.







# Ballraíocht an Choiste Rialaithe

**1 IÚIL 2018 – 31 EANÁIR 2019**

**Príomh-Oifigeach:**
An tOllamh Patrick G. O'Shea,
Uachtarán

**Cathaoirleach:**
An Dr Catherine Day

**Oifigigh Shinsearacha:**
An tOllamh John O'Halloran,
Leas-Uachtarán agus Cláraitheoir

**Ollúna/Ollúna Comhlacha:**
An tOllamh Frédéric Adam
An tOllamh John Cryan
An tOllamh Mary Horgan
An tOllamh Paul McSweeney
An tOllamh Nora O'Brien

**Foireann Acadúil (seachas Ollúna/Ollúna Comhlacha):**
An Dr Louise Crowley
An tUas Michael Delargey
An Dr Angela Flynn
An Dr Piaras MacÉinrí

**Foireann (seachas acadúil):**
An tUas Sinead Hackett
An tUas Gary Hurley
An tUas J.P. Quinn

**Mic Léinn:**
An tUas Alan Hayes,
Uachtarán Aontas na Mac Léinn
An tUas Kelly Coyle,
Leas-Uachtarán Aontas na Mac Léinn

**Mac Léinn Iarchéime:**
An tUas Therese Collins

**Ainmnithe ó Eagraíochtaí Seachtracha:**
An tUas Dermot Breen (IBEC)
An tUas Gillian Keating
(Comhlachas Tráchtála Chorcaí)
An tUas Maureen Kennelly (Éigse Éireann)
An tUas Ted Owens
(Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí)

**Ainminthe ón Aire Oideachais agus Scileanna:**
An tOllamh Adrian Dixon
An Dr Beatrice Doran
Folamh
Folamh

**Céimithe:**
An tUas Owen Dinneen
An Dr Rosarii Griffin
An Dr Valerie Mannix

**Ard-Mhéara Chorcaí:**
An Comhairleoir Mick Finn

**Ard-Mhéara Chathair agus Chontae Phort Láirge:**
An Comhairleoir Joe Kelly

**Ainmnithe ó Ollscoil na hÉireann:**
An tUas Nuala O'Connor
An Dr Dermot O'Mahoney

**Ainminthe ó Chomhairlí na gContaetha riaracháin:**
Corcaigh – An Comhairleoir Bernard Moynihan
Port Láirge – An Comhairleoir Declan Doocey
Ciarraí – An Comhairleoir Aoife Thornton
Luimneach – An Comhairleoir Eddie Ryan
Comh-Chomhairlí Thiobraid Árainn –
An Comhairleoir Michael Fitzgerald







# Ballraíocht an Choiste Rialaithe

**1 FEABHRA 2019 – 30 MEITHEAMH 2019**

**Príomh-Oifigeach:**
An tOllamh Patrick G. O'Shea,
Uachtarán

**Cathaoirleach:**
An Dr Catherine Day

**Oifigigh Shinsearacha:**
An tOllamh John O'Halloran,
Leas-Uachtarán agus Cláraitheoir

**Ollúna/Ollúna Comhlacha:**
An tOllamh Frédéric Adam
An tOllamh John Cryan
An tOllamh David Kerins
An tOllamh Eileen Savage
An tOllamh Sarah Culloty

**Foireann Acadúil (seachas Ollúna/Ollúna Comhlacha):**
An Dr Louise Crowley
An tUas Michael Delargey
An Dr Angela Flynn
An Dr Heather Laird
An Dr Brian O'Flaherty

**Foireann (seachas acadúil):**
An tUas Sinead Hackett
An tUas Gary Hurley
An tUas J.P. Quinn

**Mic Léinn:**
An tUas Alan Hayes,
Uachtarán Aontas na Mac Léinn
An tUas Kelly Coyle,
Leas-Uachtarán Aontas na Mac Léinn

**Mac Léinn Iarchéime:**
An tUas Therese Collins

**Ainmnithe ó Eagraíochtaí Seachtracha:**
An tUas Dermot Breen (IBEC)
An tUas Colm Leen
(Comhlachas Tráchtála Chorcaí)
An tUas Margaret Lane
(Áras Ceoldrámaíochta Chorcaí)
An tUas John Fitzgibbons
(Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí)

**Ainminthe ón Aire Oideachais agus Scileanna:**
Folamh – ag feitheamh ar ainmiú ón Aire Folamh
Folamh
Folamh

**Céimithe:**
An tUas Owen Dinneen
An tUas Michelle Healy
An tUas Jennifer O'Sullivan

**Ard-Mhéara Chorcaí:**
An Comhairleoir Mick Finn

**Ard-Mhéara Chathair agus Chontae Phort Láirge:**
An Comhairleoir Joe Kelly

**Ainmnithe ó Ollscoil na hÉireann:**
An Dr Valerie Mannix Boyle
An Dr Dermot O'Mahoney

**Ainminthe ó Chomhairlí na gContaetha riaracháin:**
Corcaigh – An Comhairleoir Bernard Moynihan
Port Láirge – An Comhairleoir Declan Doocey
Ciarraí – An Comhairleoir Michael Kenneally
Luimneach – An Comhairleoir Jerry O'Dea
Comh-Chomhairlí Thiobraid Árainn –
An Comhairleoir Michael Fitzgerald